

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T26
Ainm an Agalláí	Jimí Beag Chit Rua Ó Gallchóir
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	27/3/2006
Suíomh an Agallaimh	Caiseal na gCorr, Gort an Choirce
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis

(gáire)

(sos)

(--) Tús bréige

' _____ ' Focal dothuigthe

' _____ +' Níos mó ná focal amháin dothuigthe

.... Beirt ag caint ag an am amháin

[] Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Inniu tá mé ag gabháil a thógáil traidhfil seanchais uaidh Jimí Beag Chit Rua as Caiseal na gCorr agus a Jimí creidim go dtosóidh muid le d'óige agus do mhíniú ar Chaiseal na gCorr a Jimí.

JIMÍ BEAG: Ó, bhuel, seo an áit ar tháinig mé ar an tsaol cibé. Go díreach an áit chéanna a bhfuil muid istigh anois, bhuel chan an áit cheáanna, chan an teach amháin atá ann ach tá an sean teach ina tógadh mise thíos ar íochtar anseo. So ansin bhuel rinne muid teach úr cosúil le achan duine ina dhiaidh sin, tá a fhios agat.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhí muid ag gabháil linn, á leoga cha raibh cuid mhór saol fá dtaobh, fá Chaiseal na gCorr ach an oiread dálda achan áit ach bhí muid ag gabháil linn cibé agus ansin d'oibir muid linn go cruu, bhuel cuireadh m'athair, bhí mé, bhí sé óg nuair a cuireadh é, corradh agus leathchéad bliain tá a fhios agat agus bhí muid fágtha anseo ceathrar againn dá theaghlach leis an mháthair ach rinne muid do, bhí muid ag gabháil linn, 's rinne muid cúis ar scor ar bith. Ansin chuaigh muid, bhí scoil thoir anseo, cha raibh sí i bhfad ar shiúl uainn tá a fhios agat.

DÓNALL: Ní raibh.

JIMÍ BEAG: Agus chuaigh mé na scoile thoir anseo ansin go raibh mé, creidim, cúig bliana déag ná mar sin. Agus bhuel bhí eallach againn agus caoraigh againn agus beithíoch againn, bhí muid ag buachailleacht agus ag gabháil cosúil le achan duine. Sin an dóigh chéanna a raibh an baile ag gabháil, cosúil le achan bhaile san am.

DÓNALL: Sin an dóigh a raibh an saol.

JIMÍ BEAG: Sin an dóigh a raibh an saol do san am sin. So, sin an cineál cás a bhí ann agus ansin nuair a fuair muid níos sine ná sin, bhuel, b'éigean dúinn a ghabháil ag obair áiteacha eile fosta, sin san am sin ach bhí Caiseal na gCorr, chan ionann é anois agus mar a bhí sé san am sin.

DÓNALL: Á, no, tá athrach mór air.

JIMÍ BEAG: Agus bhí athrach mór ann, tháinig cuid mhór strainséirí isteach ann, tháinig daoine ann cinnte, pósadh daoine óga ann agus chuir siad suas tithe úra agus rud maith a bhí ann ar dhóigh ach ansin d'athraigh achan duine agus d'athraigh achan rud. Roimhe seo, bhuel, bhí achan teach agus achan duine agus bhí a fhios agat, bhí tú amach agus isteach achan áit, agus ansin bhí difir ann anois bhuel tá a fhios agat, tá cuid mhór daoine anois ann agus tháinig siad isteach ann agus tá siad maith go leor, ní bhainfidh siad díot agus cha ionann é, chan an chomhrá amháin atá acu agus nuair a bhí muidinne ag éirí aníos inár bpáistí...

DÓNALL: Bheadh sibhse....

JIMÍ BEAG:Rachadh daoine ar chuaipteanna

DÓNALL: Sea, agus amach agus isteach.

JIMÍ BEAG: Sea, agus amach agus isteach ag achan duine agus ag achan teach. Bhí tithe ansin ann agus bhí siad ag cuartannaí ann san am (ar cuartaíocht), b'fhéidir go rachadh na fir ansin san oíche, cha raibh a leithéid dá rud ann agus an boc sa choirnéal (gáire). Cha raibh seisean ag amharc amach ar aon duine, cha raibh tv ar bith ann ná....

DÓNALL: Ní raibh, ní raibh raidió féin ann.

JIMÍ BEAG: Cha, cha raibh ná raidió, cha raibh raidió ann in m'amsa i dtús báire, cha raibh. Cha raibh aon cheann ar bith ann leoga but bhí siad ar shiúl ag cuartannaí (ar cuartaíocht) agus a gabháil leo mar sin. Chuireadh siad thart an t-am mar sin, bhí fear ansin, b'fhéidir go mbeadh sé ag léamh an pháipéir do na seandaoine san am sin, ó, tá sin blianta ó shin agus bhí sé ag léamh leis agus bhí léir dá dá raibh sé ag léamh, cha bhí sin fíor ar chor ar bith (gáire).

DÓNALL: (Gáire) A dhéanamh suas a bhí sé.

JIMÍ BEAG: Bhí (bhí) sé ag déanamh suas scéal cibé.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus bhí sin maith go leor. Thiocfadh siad amach ansin san oíche agus bhí siad ag caint ar an rud, mairim b'fhéidir lá arna mhárach, an rud a bhí ar an pháipéar agus bhuel cha bheadh sin ag gabháil ach oíche amháin sa tseachtain, léamh an pháipéir, cha ndéanfaidh go mbeadh siad cruinnithe ann achan oíche eile b'fhéidir.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: I gcorr theach, cha raibh ann ach corr theach a mbeadh sin ann agus bhí an teach seo leagtha amach. Dálta b'fhéidir nach mbeadh ann ach duine amháin, sean duine nach rud inteacht mar sin agus b'fhéidir fear 's bean agus b'fhéidir go mbeadh an bhean ar shiúl ar cuairteannaí fosta.

DÓNALL: So seo ag áirneáil a bhí anseo a Jimí?

JIMÍ BEAG: Ó chan é, chan é againne. Bheadh teach i dtólamh leagtha amach ar na bailte tá a fhios agat.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Agus bhí teach ar an bhaile seo, bhí sé níos faide soir an bealach mór agus bhí fear ansin, bhí sé, bhí sé léannta cineál, thiocfadh leis an páipéar a léamh. Cinnte. Gheobhadh sé an *Journal* achan Aoine. Bheadh sé ag léamh ansin an pháipéar daofa sin agus bheadh siad ansin, fá choinne na háite sin, dála (dála) mar a bheadh fear anois ag gabháil isteach go teach an leanna oíche Aoine.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Cha raibh difir ar bith ann.

DÓNALL: Chruinneodh an scaifte.

JIMÍ BEAG: Chruinneodh an scaifte ansin agus léifeadh sé agus ó bhuel bhí sé ag léamh, b'fhéidir go mbeadh corr rud ansin a déarfadh sé fá choinne an rud a dhéanamh ní b'fhearr but eh, sin an cineál dóigh a bhí san má sin ann.

DÓNALL: Sin mar a bhí an saol.

JIMÍ BEAG: Sin mar a bhí an saol ann.

DÓNALL: Caidé do mhíniú ar Chaiseal na gCorr, a Jimí?

JIMÍ BEAG: Caidé an dóigh?

DÓNALL: Caiseal na gCorr.

JIMÍ BEAG: Ó, Caiseal na gCorr. Bhuel is é an rud a bhí ann i gCaiseal na gCor, is é an dóigh a dtáinig Caiseal na gCorr isteach, bhí áit thoir anseo, tuairim 's ar cúig chéad slat soir an bealach mór ná b'fhéidir idir sin agus sé chéad, cúig ná sé chéadta déarfadh muid cibé.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhuel bhí sean chaisleán, déarfadh siad go raibh sean chaisleán ansin fad ó shin agus tá ballóga, níl mórán acu anois ann ach b'fhéidir tá na corr chlocha ann, a bhí i na mballóga san am sin ann.

DÓNALL: Sean `_____+'

JIMÍ BEAG: Agus déarfadh siad gur sean chaisleán a bhí ann, cibé cineál daoine a bhí ina gcónaí ann char, char, char mhothaigh mé sin mórán am ar bith ach chruinneodh déarfadh siad, na corr i dtólamh ansin. Na corra, sin na héanacha.

DÓNALL: Yeah.

JIMÍ BEAG: A dtabharfadh siad an corr air. Sin, sin sean ainm a bhí acu fá choinne na bhfaoileog roimhe seo, corra.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhuel chruinneodh siad sin ansin, bhí cineál d'ardán ann agus bhí siad ag teacht ansin i dtólamh, dálda mar a thiocthadh na préacháin go dtí an áit a mbeadh crainn.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus shuífeadh siad ansin thart fán tsean chaisleán sin agus sin an tuige ar dtug siad Caiseal na gCorr air. Caiseal a bhí, caisleán, sean chaisleán a bhí ansin sa tsean am fad ó shin agus ansin bhuel, caiseal ansin a thug siad air in áit chaisleáin agus

chruinneodh na corr ann agus d'fhanadh siad ansin agus bhí siad ag teacht ansin i dtólamh.

DÓNALL: Agus ba `_____+'

JIMÍ BEAG: Agus sin an tuige a bhfuair sé, sin an dóigh a bhfuair Caiseal na gCorr an t-ainm. San am sin.

DÓNALL: Mmm hmm.

JIMÍ BEAG: Agus tá an t-ainm sin air ó shin. Bhí sin ag gabháil suas in am amháin go dtí go mbeadh sé thuas i mbarr Mín na Chraoibhe.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Caiseal na gCorr. Ach ansin mairim roinneadh suas ansin, rinneadh na hainmneacha ansin den Mhin Bhuí agus Mín a Leá agus Mín na Craoibhe ina dhiaidh sin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ach sa tsean am ba sin an t-ainm suas go dtí teach, an áit a dtabharfadh siad teach, Iosef Charlie thuas i Mín na Craoibhe fad ó shin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: You see. Bhí Caiseal na gCorr ag gabháil faoi, tá a fhios agat ó thairbhe dá mbeifeá ag díol cíosa agus gearradh agus rud...

DÓNALL: Sea, tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Bhí sé, Caiseal na gCorr ag teacht ann go dtí sin. Agus ansin, Caiseal, Cashelnagor atá anois i mbéarla, bhuel, sa tsean am, Castlenagor a bhí air. Because an chéad leac a chuaigh ar an teach, teach na scoile thoir anseo, thuas ina ainm, leac a bhí

ann agus bhí an t-ainm gearrtha amach as an leac sin agus Castlenagor a bhí ar sin. Bhuel anois Cashelnagor a fhaigheann muidinne tá a fhios agat má tá litir ná a dhath ag teacht ach Castle, C-a-s-t-l-e a bhí ann san am iudaí. Sin ó thairbhe an chaisleán a bhí thoir ar an taobh eile.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhí.

DÓNALL: Mmm hmm. Ach a Jimí, tháinig do mháthair féin as Dún Lúiche a dúirt tú.

JIMÍ BEAG: Ó, mo mháthair mhór a tháinig as Dún Lúiche.

DÓNALL: Do mháthair mhór, sea.

JIMÍ BEAG: Tháinig mo mháthair (as) soir an bealach mór giota anseo uainn.

DÓNALL: Ó, right.

JIMÍ BEAG: Ach tháinig mo mháthair mhór as Dún Lúiche, bean de chlann (chlann) Uí Fhearraigh a bhí inti. Y'see (you see). Bhí sí pósta i nDún Lú...., bhí sí, tháinig sí ar an tsaol thíos faoin áit a bhfuil, thart faoin áit a bhfuil Ionad Chois Locha anois, síos an bealach sin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Tháinig sí ar an tsaol ansin. Thaispeáin duine inteacht domh an áit ar tháinig sí ar an tsaol. Chan, bhuel dá mhuintir, mhuintir Anna, Anna Ní Ghránna, Ghráinne a bhéarfadh siad orthu. Tá a fhios agat, an mhothaigh tú iomrá ar an táilliúr a bhí thuas ansin?

DÓNALL: Mhothaigh mé go minic.

JIMÍ BEAG: Táilliúr Anna Ní Ghráinne, bhuel, do you see, bhí, bhí, bhí sí, bhí sí, tháinig sí, sin bunadh na ndaoine, sin bunadh an táilliúra.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: See? So pósadh ansin ar, ar m'athair mór í, see, Sally Ní Fhearraigh a bhí uirthi. Bhí sí ag obair i dteach mór an Dúin fada go leor.

DÓNALL: Raibh sí?

JIMÍ BEAG: Bhí.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Thall sa teach mór. Agus bhí sí iontach tugtha den..., béarla a ba fhearr leithe even nuair a bhí sí abhus anseo, bheadh sí ag caint béarla. Agus bhí sí ag obair thall ansin, deir siad liomsa ina hóige. Ach pósadh ar, ar an tseandúine, bhí, sin m'athair mór, pósadh airsean í agus ansin tháinig sí anuas a chónaí abhus anseo, as Dún Lúiche. Bhuel sin an dream a tháinig ansin, a bhí i nDún Lúiche ina dhiaidh sin, déarfaidh muid, John an Táilliúra agus bhí iníon do pósta thiar i nGaoth Dobhair ar Eddie Diver. Ar mhothaigh tusa iomrá..., thíos Cois Cladaigh.

DÓNALL: Tá a fhios aga, bhí mé ag obair `_____`.

JIMÍ BEAG: Bhí mé istigh sa teach. So, bhí iníon do, 's an bhfuil sí beo go fóill?

DÓNALL: Níl.

JIMÍ BEAG: So bhí iníon do ansin, Mae a bhí uirthi.

DÓNALL: Mae, sea.

JIMÍ BEAG: Bhí iníon do ansin agus sin, sin an dream, sin an dream s'againne i nDún Lúiche agus máistir na scoile, tá sé *retireáilte* anois thiar ansin, Joe, Joe Diver.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Sin fear eile acu.

DÓNALL: Sin do dhream.

JIMÍ BEAG: Sin, sin, sin mo dhreamsa. Iad sin. Agus bhí, níl aon duine acu anois, tá an dream i nDún Lúiche. Bhí an teach sin a bhí i nDún Lúiche, an áit a raibh an táilliúr ann, sé siar ar thaobh an bhealaigh mhóir mar a rachfá amach bealach chúl an Earagail.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: See. Bhuel, bhí, bhí, bhí, is é anall as an Ghearmáin ansin a cheannaigh go deireannach é ach níl a fhios agam cé atá anois ann. Chan fhaca mise i riamh iad ach tá a fhios agam an teach agus tá a fhios agam gur sin an mhuintir a cheannaigh é, é nuair a díoladh é. An fear deireannach a bhí thuas ansin, Seamús a bhí air, Seamús Ferry.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Diúlach rua.

DÓNALL: Tá cuimhne agam air.

JIMÍ BEAG: Agus bhí fear eile acu pósta thiar ansin a dtabharfadh siad Josie air.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Thiar i nGaoth Dobhair fosta. Bhuel tá siad sin, tá sé sin curtha fosta agus Seamús. Bhuel sin an áit ar dtáinig mo mháthair mhór-sa as, anuas as Dún Lúiche. Tá léir den dream thart thuas ansin go fóill. Déarfaidh mé den bhunadh, muintir Phaidí Mc Cafferty...

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: ...Thuas i mbun an Earagail agus Mín na Craoibhe ansin, na Gallaghers sin, máthair Sheamúis Bán atá thuas, sin an dream s'againne a tháinig as Dún Lúiche, see.

DÓNALL: Dúirt tú gurbh ghnách leo na coirp a thabhairt, sula raibh, sula raibh teach phobail tógtha i nGort an Choirce, gurbh ghnách leo na coirp a thabhairt as Dún Lúiche aniar ansin a Jimí nach...?

JIMÍ BEAG: Ó bhí siad, bhuel bhí siad cinnte go leor, bhí siad ag teacht. Ó bhí, fá choinne Ghort a' Choirce?

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ó bhí cinnte, bhí, bhuel thiocfadh siad anuas as Dún Lúiche, déarfaidh mé, anuas agus bhfuil a fhios agat, Mín na Craoibhe, ansin bhí Dún Lúiche, thiocfadh siad anuas thall i bhFanabhuí a thiocfadh siad. Anuas aniar an teach an gheaftha (gheata), tá a fhios agat an teach an gheaftha (gheata) atá i bhFanabhuí?

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: See. Aniar bealach Bhinn an Ghall a thiocfadh siad.

DÓNALL: Ó sea.

JIMÍ BEAG: Agus anuas bealach an, aniar bealach an gheaftha (gheata) ansin agus anuas an áit a raibh Barney Shúsaigh mar a deir siad le Barney Shúsaigh thall ansin, an áit a bhfuil muintir Shúsaigh, tá a fhios agat, John Shúsaigh agus iad sin.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Bhuel aniar an bealach sin agus anuas thall anseo. Anuas thall Fanabhuí agus aníos agus soir teach na scoile agus síos an Bhealtaine, see?

DÓNALL: Agus chuirí i nGort an Choirce iad.

JIMÍ BEAG: Chuirí i nGort an Choirce iad, see.

DÓNALL: So tá ceangal mór idir Dún Lúiche agus abhus anseo?

JIMÍ BEAG: Ó bhí, ó bhí. Ba ghnách linne a ghabháil suas ag, dá mbeadh faireacha (fairí) ann agus théann go dtí an lá inniu.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Agus tá daoine muintearacha eile thuas ansin fosta agam, muintir Mhiley Éamoinn a bhéarfadh siad orthu thall in...

DÓNALL: Tá a fhios agam iad.

JIMÍ BEAG: ...Thall faoin chnoc.

DÓNALL: Gleann Tornáin. Sea.

JIMÍ BEAG: That's, i nGleann Tornáin, sin cuid den dream fosta. Sea. So, sin é, sin an scéal san am sin, ó bhí, bhí, thiocfadh siad anuas ansin agus chífinn, chífinn, siúd, nuair a bhí mé i mo stócach, bheas muid ag amharc trasna anseo, bheifeá ag fanacht go, bhí a fhios agat go raibh tórramh ag teacht anuas thall anseo agus chífeá anonn trasna agus chífeá ansin, fanacht le beirt ná b'fhéidir thriúr ar dhroim beithíoch leis an tórramh. Bhí fear thuas ansin agus bheadh sé ar an tórramh i dtólamh, bhéarfadh siad John Jimí

Claibheartaigh air. Níl a fhios agam cé atá ansin anois, Mc Claffertys a bhí orthu. Bhí daoine ann cibé.

DÓNALL: So ar bheithíoch agus carr a bheadh....?

JIMÍ BEAG: Chan ea. Ar, ar ar dhroim beithíoch.

DÓNALL: Ar dhroim beithíoch.

JIMÍ BEAG: Ar dhroim beithíoch.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: See. Bheadh cúpla duine, b'fhéidir go mbeadh beithigh acu agus ansin rachadh siad ar dhroim an bheithigh agus bhí sé ansin sásta le iad a ghabháil suas na bhaile arais.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhí. Cha raibh carr ar bith ann ach an ceann a bhí, raibh an chónra ann.

DÓNALL: Ní raibh. But bhí nósanna iontach ag gabháil leis na faireacha (fairí) fada ó shin a Jimí fosta, nach raibh?

JIMÍ BEAG: Bhí, ó bhí, ó bhí cuid mhór, chan fhaca mise mórán de na nósanna ann, ach bhí nósanna ann. Déarfadh siad, níl a fhios agamsa caidé an cineál rud a bheadh siad ag díol, coirce agus rudaí mar sin, by the way.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ach chan fhaca mise sin déanta ariamh anseo.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: Chan fhaca. Bhí sin cineál roimhe m'am, is cosúil ar dhóigh ná cha raibh an nós sin thart anseo. Bhí sé in áiteacha cinnte.

DÓNALL: Ó bhí.

JIMÍ BEAG: Ó bhí sé in áiteacha ach chan fhaca mise anseo é. Chan fhaca. Á bheadh (--), shuífeadh siad san oíche go maidin lán tígh acu agus bhí siad, ó bhí siad, tá a fhios agat, comharsana a bhí iontu agus ba mhaith leo seo a dhéanamh agus shuífeadh siad ansin agus bhuel ,creidim, nuair a bheadh an paidrín thart, dó dhéag an chloig san am sin, bheadh an paidrín ann 's bhuel go dtí ar na mallaibh féin, shuífeadh siad leo ansin agus gheobhadh siad braon tae 's bheadh siad ina suí go maidin 's bhí siad go díreach ag coinneáil cuideachta leis an mhuintir a bhí ann, tá a fhios agat.

DÓNALL: `_____+'.

JIMÍ BEAG: Charbh ionann é agus anois, bhuel tá tithe anois, tá achan rud ag athrach agus tá sin ag athrú fosta. Ach sin an dóigh a raibh sé san am sin. Bhí go dtí le dáta blianta tá a fhios agat...

DÓNALL: ...Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: ...chonaic mé go dtí le fiche bliain, bhí sé ag gabháil agus tá go fóill in áiteacha, tá, suíonn daoine fosta. Go fóill, i gcorr áit mar sin. But chan fhaca mé, chan fhaca mé nós a deachaigh an, deachaigh an corp ar charr ná beithíoch ariamh...

DÓNALL: ...No.

JIMÍ BEAG: ...ach bhí sé ann.

DÓNALL: Bhí sé ann roimhe sin.

JIMÍ BEAG: Bhí, ach d'ínis duine inteacht domh, cha chan fhaca mise sin ariamh. Bhí daoine ag cur ceist orm ach chan fhaca mé ariamh sin ceart go leor ach bhí, bhí an nós sin ann. Bhí. Ach chonaic mé ceann acu thíos ag teach an phobail. Ach cha raibh a fhios agam cárbh fhios, tháinig sé aniar an t-íochtar áit inteacht ach bhí muid ag, beag ag gabháil síos teach an phobail san am sin, ag siúl síos tá a fhios agat, agus cha raibh aithne agat ar aon duine mórán, agus chonaic mé an beithíoch agus an carr seo go díreach ag tarraingt suas ag geafta shean teach an phobail, chan an áit a bhfuil an teach phobail úr anois.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Ach an sean teach, an áit a bhfuil an reilig abhus. Agus seanbhean ina suí thuas ar an chónra. Agus sin a bhfaca mise ariamh do.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus bhí mé a inse sin don, don, eh, do dhuine inteacht istigh anseo bliain i roimhe fosta fá dtaobh de sin. Chuir sé ceist orm, fear, agus is é an fear a chuir ceist orm, sagart na paróiste atá thíos anseo anois. An bhfaca mé sin ariamh? Dúirt mé nach bh.., nach bh..., go bhfaca mé ach nach raibh a fhios agam cé a bhí ann.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Ach bhí siad ag gabháil síos ó seo fosta ach bhí sin roimhe m'amsa rud inteacht.

DÓNALL: Sea, sea.

JIMÍ BEAG: Bhí.

DÓNALL: Cuimhne mhaith atá ann. Sin é, duine thuas ar an charr mar sin, bean ina suí air.

JIMÍ BEAG: Ó chonaic mise an tseanbhean ach níl a fhios agam cé a bhí ann.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Á, bhí muid ró óg, tá a fhios agat. Ach déarfainn gur aniar ón, aniar b'fhéidir faoi, cé acu an Ardaí ná mar siar ansin a bhí siad ag teacht as ach chonaic mé an ceann sin cinnte. Dúirt mé sin leis an tsagart, go bhfaca mé ach sin é a bhfaca mé. See.

DÓNALL: Creidim go mbeadh na mná, a Jimí, an bhfuil cuimhne agat orthu istigh, bheadh siad ag caitheamh snaoisín in sna tithe?

JIMÍ BEAG: Ó, bheadh. Chonaic mé féin sin. Ó bhí.

DÓNALL: Caitheamh píopaí a Jimí?

JIMÍ BEAG: Ó bhuel chan fhaca mé bean anseo ariamh ag caitheamh píopa ach bhí siad ag gabháil dó.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Bhí. Ó bhí cuid acu ag gabháil dó ach nach greannmhar cha thug mé faoi deara thart fan áit seo iad ag caitheamh píopa.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Tá sin greannmhar. Ach tá a fhios agam duine inteacht suas an baile a bhí ag caitheamh píopa fad ó shin, idir sin agus Dún Lúiche áit inteacht.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: But eh, chan fhaca mise iad ach chonaic mé bean ag caitheamh píopa thall in Albain.

DÓNALL: An bhfaca?

JIMÍ BEAG: Istigh i dteach leanna.

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: (Gáire) Seanbhean! Chonaic.

DÓNALL: Ó Jimí.

JIMÍ BEAG: Ach sin a bhfaca mé ag caitheamh píopa.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Sé. Ach chonaic mé iad ag caitheamh ceart go leor, snaoisín.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Chan fheiceann tú aon duine ag gabháil dá sin anois ach an oiread.

DÓNALL: Not at all.

JIMÍ BEAG: Ní, cha mhaith duit anois, a fhad is, dó, agus an áit a mbeadh 'b____' acu sin anois, ghabháil, ní cha bheadh a fhios acu caidé rud a bhí leat. (Gáire)

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: Bheadh siad ag meas gur drugs a bhí ann! (Gáire)

DÓNALL: Cocaine! (Gáire)

JIMÍ BEAG: Tá sin fíor, ó bheadh. Bhuel, sin an t-athrach tá a fhios agat.

DÓNALL: Sin é.

JIMÍ BEAG: Sé.

DÓNALL: Inis domh a Jimí fá, fá na tithe, an dóigh a rud do chuimhne orthu fá ó shin. Tháinig athrach mór ó shin orthu.

JIMÍ BEAG: Ó, tháinig athrach mór orthu, arú, tháinig. Tháinig. Bhuel, sé an dóigh a raibh sé do tá a fhios agat, tithe ceann tuí a bhí i gcuid mhór acu.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Bheadh seomra sclátaí iontu, seomra sclátaí agus b'fhéidir, sclátaí garbh a bheadh air, tá a fhios agat. Thiocfadh siad anoir, anoir as an Róisín a ba mhó a bhí siad ag teacht, tá sin chorr Dhún, taobh seo de Dhún Fionnachaidh...

DÓNALL: ...Sea.

JIMÍ BEAG: Thoir i Mhaigh Rua.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus anoir as sin a tháinig na sclátaí agus tá, tá sclátaí thart go fóill, ar shean tithe tá a fhios agat ar na cistineacha agus anoir a tháinig siad. See.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Agus eh, i gcuid mhór acu, gráta a bhí ann san am sin, cistineach agus, cistineach tuí agus b'fhéidir ansin go mbeadh giota leis an chistineach. Bheadh cineál de sheomra beag déanta do fosta, bhuel ansin bhí seomra eile, sclátaí a bheadh air. Sin an gnás. Ansin bhí siad ag cur líon fá choinne na dtithe san am sin.

DÓNALL: Bhí.

JIMÍ BEAG: Bhí. An mhothaigh tú iomrá ar líon?

DÓNALL: Á, mhothaigh.

JIMÍ BEAG: See.

DÓNALL: Mhothaigh.

JIMÍ BEAG: Bhuel, you see, pór an lín, rós a bhéarfadh siad air. Rós. Agus bhí sé iontach doiligh a chroitheadh.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Fá choinne é a fhás.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Bhí sé chomh sleamhain.

DÓNALL: Bheadh sé doiligh, sé.

JIMÍ BEAG: Bhí sé sleamhain.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Agus ansin, thomhasófá amach oiread agus, agus em, thomhasófá amach oiread agus a dhéanfadh cistineach duit. Agus b'fhéidir giota beag a bheadh leis. Cha bheadh sé mór. See, agus níl a fhios agam, tá mé meas gur dhá ghalún rós a gheobhfá. Dhá, a dhíol ina ghalún a bhí siad.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Cibé dóigh a raibh sé tomhasta. Cosúil le, nach dtiocfaidh, níl a fhios agam caide dóigh a raibh sé déanta.

DÓNALL: A iarraidh ina ghalún.

JIMÍ BEAG: Ina ghalún, d'iarrrfá ina ghalún é.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: D'iarrrfá galún rós ná dhá ghalún rós.

DÓNALL: Sea. Bhuel bhí, dh., gheobhfa pór féir an dóigh chéanna, cheannófá ina ghalún é.

JIMÍ BEAG: Ó, cheannófá ina ghalún an pór féir an dóigh chéanna.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ansin, leagfá amach ansin, dá mbeifeá ag gabháil anois ag gabháil a bheith a dhéanamh, b'fhéidir cistineach a bheadh sé nó sheacht déag throighe ar fhad agus b'fhéidir dá mbeadh giota beag eile leis ansin, b'fhéidir cúig ná sé throighe eile. Leagfá amach ansin, thomhasfá amach slat is fiche achan dhóigh.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus chaithfeá do chuid rós ar sin. Rós, sin fá choinne an, fá choinne an líon fás.

DÓNALL: Tá a fhios agam, sea.

JIMÍ BEAG: Slat is fiche achan dhóigh.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus ansin, dá mbeadh barr measartha ar sin, gheobhfa oiread lín ar sin agus a dhéanfadh an teach duit. An dtuigeann tú? Agus cha, cha raibh feidhm ort é a chur ar thalamh iontach mhaith even dá mbeadh an talamh cineál bocht. Rud a dtabharfadh siad talamh bocht air má mhothaigh tú iomrá ar talamh bocht ariamh.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bheadh trí bharr arbhair dó, b'fhéidir.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhuel, sin talamh bocht a bhéarfadh siad ar sin. Ná b'fhéidir dhá bharr. Chuirfeá barr i mbliana agus chuirfeá barr ar an bhliain seo chugainn, chuirfeá ansin barr eile ina dhiaidh sin, b'fhéidir go mbeadh giota fágtha agat nach mbeadh de dhíobháil ort fá choinne prátaí 's bheadh extra arbhar agat. Chuirfeá ansin b'fhéidir an oiread seo ansin, bhuel chuirfeá b'fhéidir dhá bharr agus ansin déarfá leat féin, bhuel, seo talamh bocht, cuirfidh mé an líon ar seo. Agus d'fhásfadh an líon iontach maith air fosta.

DÓNALL: Ar thalamh bocht?

JIMÍ BEAG: Ar thalamh bocht. Cha raibh talamh, cha raibh fá choinne an ghráin a bheifeá ag déanamh, tá a fhios agat.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Chuirfeadh siad ar thalamh é amach fan Lagán, bhí sin different, bhí siad ag bualadh ansin tá a fhios agat ach cha raibh tú ag bualadh an líon anseo, cha raibh feidhm agat ar an phór.

DÓNALL: Ní raibh.

JIMÍ BEAG: See.

DÓNALL: Ní raibh.

JIMÍ BEAG: Bhéarfá leat ansin an líon agus eh, fá choinne cuid an tuí agus nuair a d'fhásfadh sé, chaithfeá é a tharraingt. Cha dtiocfadh leat é a bhaint. See.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Cha raibh tú ag gabháil a bhaint cosúil le coirce.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: Cha bhainfeadh sé duit.

DÓNALL: Tharraingeofá é go díreach.

JIMÍ BEAG: Tharraingeofá é, chaithfeá e a tharraingt.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Amach as an talamh. Because cibé, tá a fhios agat oiread a bhí istigh i lár an lín.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: See. Cosúil le, tá sé mar a, cineál de shnáitheanna ann, cha ghearrfadh sé.

DÓNALL: Ní ghearrfadh.

JIMÍ BEAG: Chaithfeá thusa an líon a tharraingt ansin. Tharraingeofá ansin é, déarfadh mé nuair a bhí sé apaidh, b'fhéidir roimhe an Fhómhair. Ansin dhéanfá, dheanfá sopóga do cosúil le arbhar...

DÓNALL: ... Sea.

JIMÍ BEAG: ...cha bheadh siad chomh mór. Ansin dhéanfá stucaí do tamall...

DÓNALL: ... Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: ... an áit a raibh sé. Bhéarfá leat ansin é agus ansin, sin ag gabháil, sin cuid an tuí a bhfuil muid ag caint air.

DÓNALL: Tá a fhios agam, sea.

JIMÍ BEAG: Ansin, chuir, dhéanfá stucaí de ansin, b'fhéidir ansin seachtain ná beirt ina dhiaidh sin, bheadh faill agat, tá léir den am cha bheadh faill agat mórán ach bheadh faill agat ansin, bhéarfá leat é agus chaithfeá é a bháitheadh. Ar mhothaigh tú iomrá ar bháitheadh an lín ariamh?

DÓNALL: No, chuirfeá síos in san uisce é le `_____+' .

JIMÍ BEAG: Chuirfeá síos in san uisce é, ach chan achan uisce a bháitheadh sí ann. Cha raibh maith duit e a thabhairt leat soir sa tsruthán sin thoir agus é a chur isteach sa tsruthán, cha raibh sin ag gabháil a dhéanamh maith ar bith dó.

DÓNALL: Caide cineál uisce a chaithfeá a úsáid ansin?

JIMÍ BEAG: Chaithfeá é a chur isteach in giota, in áit a mbeadh léir clábair ag teacht isteach san uisce. Tá a fhios agat clábar?

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Salachar agus cineál d'uisce caoráin.

DÓNALL: Mmm, hmm. Bhí sin fóirsteanach.

JIMÍ BEAG: Bhí sin fóirsteanach, thiocfadh sin ansin, bhainfeadh sé an sú amach as tá a fhios agat. An dtuigeann tú? Agus bhí sin fóirsteanach, do. Bhí sé sáite ansin deich lá, naoi lá. Chuirfeá ansin isteach sa, bhí dam déanta i gcuid acu fá na choinne, poll mór ná b'fhéidir cois claí in áit a mbeadh an t-uisce salach seo ina rith isteach ann. Cha ndéanadh sé a dhath maith le é a chur isteach in áit a mbeadh rua`____' agus rud `____+'. Chaithfeá uisce bog, uisce bog a bheadh ann agus bheadh salachar ag gabháil isteach fríd.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Ansin chuirfeá clocha ina mhullach istigh ansin, fá choinne é a choinneáil síos. Agus ansin, nuair a bheadh sé *coveráilte* ansin bheadh sé lán suas le huisce. Bhuel, nuair a bheadh na clocha ansin thíos air, choinneofa ansin naoi lá é. Nuair a bheadh na naoi lá ansin thuas, thógfa é. Thógfa amach as sin in sa t-am é agus bhéarfá leat é agus spréifeá ansin ar an talamh é ach chaithfeá é a spréadh ar thalamh gharbh. Cha dtiocfadh leat e a spréadh anois ar thalamh bán, cha b'fhiú a dhath sin. Chaithfeá é a spréadh in áit a mbeadh neartrach. Ar mhothaigh tú iomrá ar neartrach?

DÓNALL: Níor mhothaigh.

JIMÍ BEAG: Bhuel, chaithfeá é a spréadh ar neartrach, tá a fhios agatsa an féar garbh ag fás anois déarfadh mé, ar, ar, ar, ar cuid mhór áiteacha, bhuel neartrach a bheir siad ar sin. Fear beag cruá atá ann, tá sé chomh fada sin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus cuid de níos faide. Go díreach do mhéar. Bhuel, sc..., chuirfeá thusa ansin, spréifeá ansin i mullach an neartrach é. Bhuel ansin nuair a thiocfadh, bheadh sé ag, gheobhadh sé ansin cúpla bailc mhaith fearthainne. Níodh sin an salachar amach as agus níodh sé cibé sú a bhí ann amach as agus ansin d'imeodh sé. Cha raibh muid a chur ar thalamh bán na bheadh sé still thíos faoi. Rachadh sé fríd an neartrach, d'imeodh sé síos. Bhí, bhí, bhí, bhí giota idir an talamh agus, agus an líon...

DÓNALL: ... Sea.

JIMÍ BEAG: ... Bhí sé ina shuí ard.

DÓNALL: Bhí, cúpla orlach.

JIMÍ BEAG: Agus sin an tuige, sin é, sin é, sin an nós a bhí ann, san am fá choinne é a nigh amach glan. Le é a chur ar thalamh ban, dearfaidh muid, bhí sé chomh maith agat é a chur ar an leac sin amuigh.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: See, cha raibh a dhath ag gabháil a nigh amach as, bhí, bhí oiread i dtólamh ina luí faoi. Ach nuair a thioctadh sé ar an neartrach ansin, bhuel, d'fhágfa ansin ansin é go dtí go mbeadh sin, gheobhadh sé cúpla bailc mhaith fearthainne ansin agus d'fhágfa ansin é go dtí, chífea é ag éirí geal ansin. Thógfá ansin ar ais é agus dhéanfá sopóga de. Bhéarfá leat ansin é agus chuirfeá i gcois claí é. Tamall measartha, go dtí go dtriomeodh an rud uilig amach as. See, bhí sé cosúil le rud inteacht eile. Go dtí go stálódh sé, rud a dtabharfa é a stálú air.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Bhuel ansin bhéarfá leat ansin é, cibé am idir sin agus Samhain. San Fhómhair a bhainfeá é ná chomhair baile. Thógfá leat ansin é, idir sin agus Samhain é dá mbeifeá ag gabháil a chur tuí ar do theach. Agus ansin chuirfeá tuí ar an teach leis. Bhí sé iontach doiligh a chur air. Anois an tuige sin, líon, bhí sé éadrom.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus dá dtiocfadh gaoth bheag ar bith ar chorr ar bith, bhí lá iontach maith a dhíobháil ort fá choinne é a dhéanamh.

DÓNALL: Bhí lá speisialta a dhíobháil.

JIMÍ BEAG: Bhí lá speisialta a dhíobháil ort. Agus níl lá ar bith a b'fhearr a thiocfadh leat é a chur air ná a mbeadh siocán bán ann ar maidin. Bhí an lá ag gabháil a bheith ciúin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Cuid mhór den lá agus sin, sin rud eile a bhítear ag gabháil do. Bhí an lá sin le cóiméad fosta. Bhí cóiméad mór air san am sin.

DÓNALL: Ar chur, ar chur tú suas ceann, a Jimí?

JIMÍ BEAG: Bhuel, char chur mise suas líon ariamh, char chur. Bhí daoine eile ag gabháil dó but char dear (ní dhearna) mé sin.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: Rinne mé achan rud ach sin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Cha raibh feidhm orm sin a dhéanamh, thiocfadh fear agus chuirfeadh sé b'fhéidir líon air san am sin. B'fhéidir ar, go, bhí fear i dtólamh maith ag gabháil do, dálda rud inteacht eile thart ar '___' ansin. But tá a fhios agam gur sin an dóigh a raibh sé déanta.

DÓNALL: Sin an dóigh a raibh sé déanta.

JIMÍ BEAG: Sin an dóigh a raibh sé déanta. Chuirte rópaí ansin, gheofa rópaí féar ansin.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Agus chuirte na rópaí ansin trasna air. Agus ansin, bhuel, chaithfeá, chuirfeá líon, chuirfeá díreach anuas ar thaobh an tígh mar sin é. See.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Bhuel, ansin bhí rud ansin ina mhullach sin ansin agus chaithfeá rud a dtabharadh siad an croitheán air.

DÓNALL: Caidé a bhí sa chroitheán, a Jimí?

JIMÍ BEAG: Bhuel, you see, bhí, bhí an líon anuas mar sin agat, bhí tusa ag cur lín ar an teach suas mar sin fá choinne an deor a shileadh.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhuel ansin do you see, chaithfeá ansin ceann eile a chur trasna anseo fá choinne an rópa a choinneáil.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: See. Chuirfeá an ceann eile ach cha raibh sé seo iontach éadrom. Sin an rud a dtugann siad an croitheán air. Chuirfeá, chuirfeá trasna ar, ar an, ar an líon é a bhí anuas, anuas agus suas. An dtuigeann tú?

DÓNALL: Mmm, hmm. Tuigim anois.

JIMÍ BEAG: Bhuel ansin bhí rópaí féir ansin agat agus chaithfeá ansin na rópaí a chur ansin air. Bhí bacáin amach as an teach thuas faoin líon.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus ansin chuirfeá an rópa thart ar ansin agus chaithfeá suas é agus ansin bhí fear thuas i mullach an tígh agus bhí an fear eile b'fhéidir ar an taobh eile, sin an dóigh a rabhtar ag cur an tuí orthu san am, san am sin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhuel bhí áiteacha eile a raibh sé different but sin a rabhtar á dhéanamh thart sna áiteacha seo. Thiar i nGaoth Dobhair agus thart anseo agus achan áit eile. Bacáin amach as an teach agus chuirfeá thusa an rópa thart ar íochtar agus chaithfeá suas ag fear thuas é. Agus an fear a bhí thuas, chaitheadh sé síos e, bhí fear eile thíos ar an taobh eile agus sin an dóigh a rabhtar ag cur tuí ar an teach.

DÓNALL: Agus chasfa thart ar an bhacán é, an b'é?

JIMÍ BEAG: Ó go díreach chuirfeá isteach faoin bhacán é...

DÓNALL: ... Sea.

JIMÍ BEAG: ... Agus chaithfeá suas é, cha chasfá thart ar é ...

DÓNALL: ... No

JIMÍ BEAG: ... Ach go díreach chuirfeá isteach faoin bhacán é agus ansin choinneofá greim air, chaithfeá suas ag an fhear a bhí thuas é. Agus ansin, bhí an fear eile ansin thíos ag déanamh an rud chéanna go dtí go mbeadh na rópaí ar ansin ach bhí, chaithfeadh croitheán a ghabháil ar faoi because dá gcuirfeá thusa suas ar an chéad uair an líon, cha choinneodh sé an, cha choinneodh an rópa é. Sin an rud a dtabharfá an croitheán air.

DÓNALL: No, no. Inis domh fá na maidí a bhí ag gabháil trasna in san roof fosta a Jimí, in sa díon.

JIMÍ BEAG: Á bhuel sin é, bhí, bhí, tá a fhios agat, bhí, bhí, bhí tuan i lár an tígh.

DÓNALL: Tuathán.

JIMÍ BEAG: Tuan a bhí muidinne a thabhairt air.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhí sé go díreach na l..., déanta cosúil le A anois.

DÓNALL: Sea. Maide láidir a bheadh ann a Jimí.

JIMÍ BEAG: Ó, maide portaigh a bhí ann.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Giúis portaigh a bhí in cuid mhór acu. Bhuel bhí rudaí eile ann cinnte, chan giúis portaigh a bheadh iontu ach cineál d'adhmaid, adhmaid, b'fhéidir gur adhmaid farraige a bheadh i gcuid acu, rud a dtabharfadh siad adhmaid farraige air, bhí ag teacht isteach fad ó shin, bhí giotaí ann.

DÓNALL: Tháinig i dtír go díreach.

JIMÍ BEAG: Yes, tháinig i dtír. Ach giúis portaigh a ba mhó a bhí sna áiteacha. Ansin bhí, agus ansin, bhí, bhí sé sin i lár an tígh agus ansin bhí an chuid eile amach as binn agus bhí sé, bhí sé ag gabháil isteach go dtí giúis an phortaigh seo. Bhí bacáin ansin agat agus luífeadh sé istigh ar an bhacán sin a bhí ansin. Agus bhí ceann eile ag teacht ón taobh eile, ag gabháil isteach an dóigh chéanna agus bhí sin a coinneáil ansin. Bhí sin ag coinneáil an, tá a fhios agat, chaithfeá scráith ansin a thabharfadh siad ar, bhuel bhí lataí ansin ag gabháil air, cineál dá rud.

DÓNALL: Sea, lataí tanaí.

JIMÍ BEAG: Lataí, tanaí.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Agus `___' (sceol?) giúis portaigh a bhí iontu sin fosta.

DÓNALL: An bé bhuel?

JIMÍ BEAG: Giúis portaigh a bhí i gcuid mhór acu. Sea, because char bhfiú a dhath mórán eile because sheasfadh an giúis.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Bhí sin ag gabháil a sheasamh, cha raibh sé ag gabháil a lobhadh. Bhí sin a gabháil a sheasamh, bhí saolta Amen. So, giúis portaigh a bhí in léir de sin fosta. Agus chuirte sin air fá choinne ansin, bhí scraith ansin ag gabháil `na mhullach sin sula rachadh an tuí ar chorr ar bith air.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Ansin thiocfadh an tuí ina dhiaidh sin.

DÓNALL: Bheadh siad seascair a Jimí, nach mbeadh?

JIMÍ BEAG: Ó iontach seascair, bhí.

DÓNALL: Ní raibh buaireadh orthu.

JIMÍ BEAG: Agus, agus ró, rópaí féir. Bhuel sa tsean am, roimhe sin ar ais, rópaí cocháin a bhíodh orthu.

DÓNALL: Sea, chastaí ar, déanamh, chastaí ar shúgán.

JIMÍ BEAG: Chastaí iad, chastaí iad. Chaithfeá cóch.., b'fhéidir, bheadh cochán maith de dhíobháil ort lena dhéanamh fosta, fá choinne iad seasamh. Agus chonaic mise an

rópa sin. Chonaic mise rópa an chocháin a bhíodh ann, an chéad bhliain, an chéad bhliain ariamh a chuaigh tuí ar an teach.

DÓNALL: An bhfaca?

JIMÍ BEAG: Chonaic mise rópa an chocháin.

DÓNALL: 'S an bhfaca tú fir a dhéanamh, a Jimí?

JIMÍ BEAG: Chan fhaca, ach chonaic mé déanta é. Chon..., ó rinne mise mé féin rópaí cocháin, chan a dhath bhail sin á dhéanamh, dhéanfainn rópa cocháin anois fosta dá mbeadh corr shúgáin agam, dá mbeadh cochán agam.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Níl a, point ar bith ansin, níl a dhath ansin. Tá sin iontach furasta a dhéanamh.

DÓNALL: Chaithfeá a bheith ag casadh air.

JIMÍ BEAG: Bhuel, sé an fear a bheadh ag casadh agus in, bheifeá ag ligean an tsúgáin.

DÓNALL: Sea, an fear eile a ligean.

JIMÍ BEAG: Go díreach, an bhfaca tusa déanta é?

DÓNALL: Chonaic mé déanta é ach ní dhearna mise é.

JIMÍ BEAG: That's it. Á bhuel is iomaí uair a rinne mise é. But eh. You see, roimhe seo sa tsean am cha raibh rópaí féir ar bith ann. Go bhfuair siad, gur thosaigh siad ag teacht. Bhí sé mairim, áiteacha. Cha raibh sé sna ceantair.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Sa tsean, tsean am fada ó shin. Agus. Go dtí gur tháinig an shoot mar a dúirt an fear iúdaí, fá choinne rópa féir a dhéanamh, anall as Russia a bhí na rudaí sin ag teacht. Agus an rud a raibh rópa féir déanta. Féar a bhí ansin thall in Russia.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: But anyway, tá mé ag caint ar rópa an chocháin. Chonaic mise rópa co..., chéad, an chéad cheann ariamh a chuaigh suas ar an, ar an, ar an teach nuair a cuireadh na scaith ar an chéad uair, nuair a rinneadh an chéad tuí suas, chonaic mise na, chonaic mé an rópa, rópa an chocháin. Agus chaith mise anuas rópa an chocháin ag daoine abhus ar íochtar.

DÓNALL: Agus rinne, rinne tusa do `_____+`.

JIMÍ BEAG: Rinne mise sin uilig. Bhí mise ag baint an tuí den tsean teach a bhí thiar ansin agus seo scéal atá fíor, is Cuma liom cé a chluineas é. Agus nuair a tháinig mé go dtí deireadh, siar ar rud a dtugann siad an rigín air, ar mhothaigh tú sin?

DÓNALL: Mhothaigh mé an rigín but inis thusa domsa caidé go díreach a dtabharfá an rigín air ar dtús.

JIMÍ BEAG: Bhuel sin barr, barr an, barr an tuí.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: See.

DÓNALL: Rigín an tígh.

JIMÍ BEAG: Rigín an tígh, go háirithe tithe ceann tuí. Rigín. Bhuel, thuas ansin nuair a chuaigh mé suas go dtí barr an, go dtí an rigín agus mhothaigh mise iomrá ar na rópaí

roimhe sin ach cha raibh a fhios agam cá háit a raibh siad. Cha raibh a fhios agam an raibh siad chorr baile agus tháinig mé go dtí seo, go dtí an layer deireannach agus fuair mise na rópaí, siar ar an rigín. Cha deachaigh sé siar ar fad ach chuaigh siad siar giota ón áit a raibh an teach 's an simléar air agus char lobh siad ariamh.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Ach ag an cheann eile den teach lobh siad.

DÓNALL: Chím anois.

JIMÍ BEAG: Lobh siad.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: See. So rinne mise thiar ansin é agus bheir mé ar na giotaí, b'fhéidir go raibh siad cúig troighe ar fhad, thart fá sin, traidhfil giotaí a fuair a mé greim air, chaith mé anuas ar an tsráid iad ag, ag mo mháthair é an lá a mhair sí agus ag m'uncail le e a thaispeáint dóibh. Thiar ar an tsráid thiar ansin.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Agus, an dóigh a raibh a fhios agamsa go raibh sin amhlaidh, tá a fhios agat, bhí, mhothaigh mé iad ag caint go raibh seandúine amach suas an baile ar an Mhin Bhuí a bhí ag inse dóibh fá na rópaí a bhítear á dhéanamh fad ó shin. Ó thairbhe an, ó thairbhe ag déanamh, ag coinneáil an tuí i gcuideachta, rópaí cocháin.

DÓNALL: Sea. Agus chonaic tusa é.

JIMÍ BEAG: Chonaic mise an rópa cocháin. Chaith mé anuas, go mbeadh '____+', go rachainn isteach i mbosca anois, chaith mé anuas ar an tsráid ag an phéire eile a bhí abhus, abhus. Dúirt mise sin na rópaí anois a bhí ag gabháil fad ó shin. Bhí a fhios acusan fá dtaobh de.

DÓNALL: Bhí a fhios acu.

JIMÍ BEAG: Chan fhaca siad iad.

DÓNALL: No. Jimí, rachaidh muid ar ais go dtí ...

JIMÍ BEAG: Aye.

DÓNALL: D'fhág tú an scoil ag ceithre bliana déag ná mar sin.

JIMÍ BEAG: Ó, thart fá ceithre bhliana déag de bhliana déarfaidh muid.

DÓNALL: Agus ansin fuair d'athair bás go óg agus inis domh...

JIMÍ BEAG:... Á bhuel bhí sé curtha i bhfad roimhe sin.

DÓNALL: ... Bhuel bhí but fágadh agatsa ansin fán bhaile léir oibre le déanamh.

JIMÍ BEAG: Ó bhí sé uilig le déanamh agam, bhuel, tá a fhios agat, bhí muid ag fáil cuidiú uaidh dhaoine eile fosta. Cha dear mise uilig é. Thiocfadh daoine, bhí comharsana againn, threabhfad siad an talamh dúinn. Sin sular cuireadh m'athair ar chorr ar bith agus, agus ansin, bhuel ina dhiaidh sin bhí mo dheartháir níos láidre ná sin, bhí seisean ag déanamh léir den obair, tá a fhios agat. Tá sé curtha anois, go ndéanfaidh an Rí mhaith air, go ndéanfaidh an Rí mhaith air ach, ach bhí seisean an chéad uair roimhe sin, tá a fhios agat ansin, bhuel, d'imigh seisean, chaithfeadh siad, duine inteacht imeacht, dálda achan rud.

DÓNALL: D'imigh sé go hAlbain?

JIMÍ BEAG: D'imigh seisean go hAlbain agus chuaigh sé suas go Sasana ansin 's pósadh ansin é 's bhuel sin an dóigh, ó, bhí mise ag gabháil liom ansin, mé féin agus mo

mháthair, saoltaí 's, bhí muid ag gabháil linn go dtí gur éirigh sí aosta 's b'éigean domh fanacht aici ansin 's an dóigh a raibh an scéal do.

DÓNALL: Ag cur phréataí 's rud mar sin a bhí tú ag gabháil do?

JIMÍ BEAG: Ó, bhí muid ag cur agus bhí muid ag cur léir préataí.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Bhí muid ag cur, bhí cuid mhór préataí curtha againn agus bheadh i dtólamh barr maith préataí againn fosta, bhí. Ní, ní bhí gléas againn féin, beithíoch san am sin agus achan rud agus bhí mé ag obair just cosúil le achan duine. Chuirfinn cuid mhór préataí, ó goda, bhí, bhí, bhí, bheadh, bhuel, bhí léir daoine ag cur léir phréataí ach bhí oiread préataí curtha againne go díreach 's b'fhéidir bhí ag léir acu but ó, thiocfadh daoine ansin agus cheannódh siad iad. Chuir mise préataí leoga siar go Rann na Feirste agus siar go Anagaire agus siar go Mín an Chladaigh agus amach siar ansin achan áit, even chuir mé préataí siar ag, bhí, bhí fear thiar, búistéar i nGaoth Dobhair a dtabharfadh siad Doiminic Mór air, ar mhaothaigh tú iomrá air, mairim go bhfaca tú é?

DÓNALL: Doiminic Johnny, tá cuimhne agam air.

JIMÍ BEAG: Doiminic Johnny, thiocfadh sé aniar anseo agamsa go minic fá choinne préataí.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Thiocfadh boic ansin a mbeadh préataí de dhíobháil orthu. Bheadh sé ar an bhealach b'fhéidir ag díol feola, 's thiocfadh sé ansin agus chaitheadh sé, ghlanadh sé amach an veain agus bhéarfadh sé leis, thiocfadh sé chugam roimhe sin 's b'fhéidir go mbeadh bairille préataí de dhíobháil air, tá a fhios agat. Bairille, mar a deir siad leis an bhairille, cúig mhála ...

DÓNALL: ... Sea.

JIMÍ BEAG: ... 's bhéarfainn sin dó 's ó, tháinig sé léir iarrachtacha. Ó bhí mé ag díol, dhíolfainn ainmhithe leis fosta, tá a fhios agat. Achan rud leis an rud eile, sin an dóigh a raibh muid ag gabháil.

DÓNALL: Bhí tú ag tógáil caorach a Jimí?

JIMÍ BEAG: Ó bhí, bhí.

DÓNALL: Agus eallaigh?

JIMÍ BEAG: Bhí. Bhuel sé an t-eallach is mó a bhí againn sa deireadh. Eh, cha raibh. Ó bhí muid ag tógáil eallaigh cinnte, bhí. Ó bheadh, léir eallaigh againn cosúil le ach duine 's bhí tú ag díol corr cheann amach astu 's ach bhí léir oibre leo fosta, bhí tú ag curaíocht, bhí tú ag curaíocht tá a fhios agat 's charbh ionann é, mar a dúirt an fear eile, bhí tú ag cur fá na gcoinne. Chaithfeá sin a dhéanamh.

DÓNALL: Bhí sé maith beithíoch a bheith fán teach agat.

JIMÍ BEAG: Ó, bhí sé iontach maith, bhí, bhí.

DÓNALL: Inis domh faoi úim an bheithigh a Jimí.

JIMÍ BEAG: Ó bhuel, tá, bhí, bhí, bhí úim an bheithigh bhuel, á cha raibh cuid mhór fá dtaobh de. Tá a fhios agat, bhí, bhí an, bhí an rud a dtabharthas muidinne na *winkers* air, níl a fhios agam c'ainm a bhéarfá i nGaeilge air. Tá a fhios agat, fá choinne na, ó thairbhe ar na súile.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: See. Anuas ar a cheann aige, fá choinne é a choinneáil agus é a *ghuidáil*, tá a fhios agat. Ansin bhí an coiléar agat le cur air. See sin. Agus ansin bhí na hámaí istigh sa choiléar agat le cur air. Bhí na ham..., bhí na, chuirfeá an coiléar ar chéad uair

air, cheanglófá thuas ar bharr é. See. Ar an mhuineál aige. Ansin bhí na hámaí ansin, chuirfeá suas na hámaí ansin. Chuirfeá iadsan isteach, bhí gate sa choiléar fá choinne na hámaí a ligean air.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ansin bhí clicks ar na hamaí tá a fhios agat fá choinne, siantaí fá choinne tarraingt an charr. Agus ansin, bhí an srathair ansin ann.

DÓNALL: Tá a fhios agam, tá cuimhne agam ar an tsrathair.

JIMÍ BEAG: Bhí, bhí an tsrathair ansin ann.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ansin chuirfeá, bhí an slabhra ag teacht amach ansin as '____' an chairr ag gabháil trasna ar an tsrathair fá choinne é a choinneáil ar dhroim an bheithígh. Ansin bhí an rud eile ann a dtabharfadh siad thiar ar deireadh an bruitín air fá choinne an carr a choinneáil ar ais agus rudaí mar sin. See, sin úim an bheithígh.

DÓNALL: Agus cé a dhéanfadh an carr duit, a Jimí?

JIMÍ BEAG: Bhuel an carr deireanach a bhí againne, carr deireanach a bhí againne, tá sé againn go fóill. Tá, fear as Cill Ulta a dtabharfadh siad Denis Coyle air, tá an teach thoir ansin taobh thoir de theach, má rachaidh tú soir as Gort an Choirce go measartha, tá sé thoir faoin bhealach mhór.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Faoin *mhain road*. Ag *faceáil* amach na farraige.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Sular dtéann tú soir go Cill, i bhfad i gCill Ulta, tá a fhios agat, tá, tá an, tá fear thoir ansin, fear de na Divers as Gaoth Dobhair ina chónaí ansin.

DÓNALL: Ó tá.

JIMÍ BEAG: Bhuel, an teach atá faoi, as a choinne. Teach atá go díreach faoi, as a choinne ansin faoin bhealach mhór. Sin an fear a bhí ag déanamh na gcarr, bhí sé iontach maith ag gabháil daofa.

DÓNALL: Bhí lámh mhaith aige ar sin.

JIMÍ BEAG: Ó, bhí sé iontach maith, bhí. Rinne sé carr dúinne, sílim gur thart fá 1948, fuair muid an carr, tá an carr agamsa go fóill. Agus níl a fhios cé mhéid duine a bhí a cheannach ach (gáire) chan fhuair siad é.

DÓNALL: Caidé an cineál luach a bheadh uirthi san am a Jimí, do bharúil?

JIMÍ BEAG: Bhí carr úr san am sin, sílim le, b'fhéidir go raibh, b'fhéidir go raibh na agus sílim go raibh sé úr amach, thart fá dhá phunta dhéag. Dhá phunta dhéag.

DÓNALL: Agus nuair a smaoiníonn tú air...

JIMÍ BEAG: ... B'fhéidir go raibh mála, b'fhéidir go mbeadh an mála agat féin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus fíor bheagán rudaí ach dhá phunta dhéag. Chóir, thart fá dhá phunta dhéag. Mhothaigh mé gur sin an rud.

DÓNALL: Má smaoiníonn tú ar an obair a chur an fear sin isteach ansin.

JIMÍ BEAG: Bhí sin fíor. Fuair, fuair muidinne an carr sin thiar, atá thiar ansin go fóill. Bhí, bhí, bhí na cribeacha uachtaracha againn, tá a fhios agat na cláraí uachtaracha, bhí dhá chlár os cionn an cheann eile ann.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhí siad sin againn agus tá mé ag meas go raibh na rothaí againn agus an mál.., an bhfuil sin ag gabháil?

DÓNALL: Tá.

JIMÍ BEAG: Agus an mál.., agus an, bhí, bhí an chuid eile déanta uilig ach sin agus an bhfuil a fhios agat caidé a chosain sé? Bhuel, b'fhéidir go raibh, bhí, bhí rud inteacht le tabhairt don ghabha le na hiarannacha beaga a bhaint de, cúig déag agus ceithre phunta. Anois, an dtiocfadh leatsa a ghabháil siar anois go, ó seo go Gaoth Dobhair agus a ghabháil amach ansin go Donegal Town agus thart aniar ar ais, an dtiocfadh leatsa sin a dhéanamh inniu ar, le do charr úr ar, ar, an dtiocfadh leat sin a dhéanamh ar na cúig déag agus ceithre phunta? (Gáire)

DÓNALL: (Gáire) Níl mórán seans a Jimí.

JIMÍ BEAG: Nach rachfá na nGleanntach leis? (Gáire)

DÓNALL: (Gáire) Ní rachfá, ní bhfaighfeá thart ar an teach leis.

JIMÍ BEAG: Sin an rud a bhí sé bhuel, agus bhí sé chorr a bheith ina charr úr ach go raibh na rothaí agus an mála againn féin.

DÓNALL: Tá a fhios agam. Agus ansin rachadh sibh ag an ghabha, cén, an bé Peadar Beag an gabha a rachfá aige?

JIMÍ BEAG: Chan é, bhí thíos seo, bhí Peadar Beag ann cinnte, thíos i mBedlam.

DÓNALL: Ach bhí duine inteacht níos deise duit.

JIMÍ BEAG: Ach bhí fear thíos anseo, bhí fear thíos anseo ag, an áit a bhfuil an, tá a fhios agat sula dtéann tú fhad leis an whale bone thíos ag teach Mhicí Ó Cóna {Mickey Mc Gowan }?

DÓNALL: Tá a fhios agam. Tá a fhios agam é.

JIMÍ BEAG: Bhuel, tá teach, tá teach Shéan Cannon mar a rachfá suas an lane.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhuel, anoir uaidh sin, anoir an bealach uaidh sin, bhí teach abhus sa lag ansin go díreach, tá sean teach mór anois ann ar an taobh eile den bhealach mhór, see. Teach ina, na Ferrys a bhí ann ach bhí sé seo as a choinne go díreach soir giota beag, sin an áit a raibh John an Ghabha.

DÓNALL: Agus sin an áit a rachfá.

JIMÍ BEAG: Sin an áit a raibh an gabha, san am sin. Ba ghnách liomsa a ghabháil síos leis an bheithíoch, sin an áit a mbeadh, sin an áit a raibh an gabha san am sin.

DÓNALL: Agus caide chomh minic a chaithfeá crúigheacha a chur suas orthu, a Jimí?

JIMÍ BEAG: Á, cha raibh feidhm ort crúigh a chur iontach minic air, cúpla iarraidh sa bhliain b'fhéidir. Ansin muna mbeadh sé ag déanamh cuid mhór ar an bhealach mhór bhí sé, cha raibh sé chomh géar.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Ach b'fhéidir go gcaithfeá a ghabháil corr uair minic go leor dá rachadh an beithíoch amach agus rach, d'imeodh sé ag réachtáil, b'fhéidir go n-imeodh crúigh de agus chaithfeá ansin a ghabháil chun an ...

DÓNALL: Chaithfeá a ghabháil na....

JIMÍ BEAG: See. Chaithfeá a ghabháil ansin. Chaithfeá, ára, bhí sé míshásta go leor cuid mhór den am ach b'fhéidir an t-am is gnóthaigh a bhí tú, go gcaithfeá a ghabháil an chearta, chan oibreodh sé gan crúigheacha, tá a fhios agat.

DÓNALL: Ó, ní oibreodh.

JIMÍ BEAG: Cha ndéanfá maith.

DÓNALL: Inis seo a Jimí.

JIMÍ BEAG: Ansin thosaigh muid ag gabháil síos ag Peadar ina dhiaidh sin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Peadar Beag agus ansin d'imigh Peadar ansin, chuaigh muid soir, soir ag an Choyle lena hArdú, athair Mhícheáil na minibuses.

DÓNALL: Ó, sea.

JIMÍ BEAG: Bhí seisean ina ghabha fosta. Soir, thíos ar mBed, in a, Ardaí Bheag.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: See.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Bhuel sin an gabha, an gabha deireanach a bhí againn, é sin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Sé.

DÓNALL: Ach bhí sé go maith, nach raibh?

JIMÍ BEAG: Ó, bhí siad sin, ó, bhí, á bhí siad uilig maith go leor, bhí siad iontach maith, bhí dá dhaoine a d'fhoghlaim cineál astu féin.

DÓNALL: Ó bhuel sin é.

JIMÍ BEAG: Bhí siad iontach maith.

DÓNALL: Bhí sé iontu go nádúrtha, bhfuil a fhios agat?

JIMÍ BEAG: Ó, bhí sé iontu go nádúrtha cinnte.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Bhí.

DÓNALL: A Jimí, bhí mé ag gabháil a chur ceist ort ansin níos luaithe but níor stop mé thú fá, fan churaíocht a Jimí. Bhí am agus dáta fá choinne achan rud agus chaithfeadh an rómhair a bheith déanta agus chaithfeadh an fodar a bheith istigh agus an coirce curtha. Caidé do chuimhne ar sin a Jimí?

JIMÍ BEAG: Bhuel, eh, bheadh, bheadh siad ar obair ag treabhadh agus ba mhaith leo an chonlaigh uilig a bheith treafa, tá a fhios agat an chonlaigh?

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: An áit a mbítear ag gabháil a chur préataí, sin talamh an choirce a bhí anuraidh ann.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bheifeá ag gabháil a chur phréataí in sa chonlaigh, traidhfil giotáí a bheadh agat fá na choinne. Ba ghnách le sin a bheith treafa ag Lá Pádraig, dá mbeadh an aimsir fóirsteanach.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Sa dóigh nach mbeadh salachar ar bith mórán ann.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: See. Thiontófaí é agus ansin bhí siad ag coinneáil cúl ar an tsalachar. `Cause thiocthadh an salachar iontach gasta, b'fhéidir dá mbeadh an séasúr go measartha maith agus bhí an, bhí an, bhí siad uilig chorr a bheith, ba mhaith leo sin agus bheadh cuid acu, bheadh sé treafa acu i ndeireadh mhí Feabhra.

DÓNALL: Ó, bheadh leoga.

JIMÍ BEAG: Bheadh. Ach abhus anseo, ba mhaith leo ansin go speisialta cuid na conladh bheith, a bheith treafa acu fá choinne na bpréataí ag Lá 'le Pádraig súrailte.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Ach b'fhéidir daoine anois nach raibh beithíoch ar bith acu, gheobhadh siad beithigh agus threabhfadh fear thart cúpla giota daofa, bheadh sin déanta níos luaithe. Dá mbeadh an séasúr ann. Because cha bheadh faille aige a dhéanamh dá mbeadh sé ag gabháil a dhéanamh a chuid féin.

Ansin, bheadh sin le déanamh, bheadh póir phréataí amuigh ansin sna cuibhrinn, bhuel bhí siad sin, go, thart anseo cibé agus mairim achan áit go maith leis a raibh préataí, bhí siad sin ansin le tógáil amach as an chasán. Chaitheadh siad sin a bheith tógtha ansin agus caite isteach i gcois claí amach as an chasán, bhí sé ag milleadh an áit a mbeadh, mbeifí ag gabháil a threabhadh.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: See. Bhuel ansin, nuair a bheadh sin déanta ansin bhuel chaithfeá siúl thart ar an chuibhreann ansin agus b'fhéidir giotaí nach raibh tú abálta beir air leis an tseisreach, bhí tú ag gabháil a romhar na ngiotaí sin. Bhí sin ag gabháil a bheith bámhar mar a dúirt an fear iúdaí.

DÓNALL: Bhí, chaithfeá na coirnél sin a

JIMÍ BEAG: Ó, bhí sé sin iontach, iontach, cha raibh mórán dreasóga (driseacha) ná feagacha san am sin.

DÓNALL: Cha raibh.

JIMÍ BEAG: Ná, ná, ná, ná aiteannach (aiteann) ann, cha raibh a dhath ann agus bhí sin anois galánta agus bhí na daoine iontach doirte dá gcoinneodh siad go maith é fosta. D'imeodh siad ansin agus nuair a bheadh achan rud déanta ansin acu, bhuel, cibé rudaí beaga a bhí le déanamh acu, dhéanfadh siad réidh an talamh ansin. Tá a fhios agat. Rachfá amach b'fhéidir ar thús mhí, thart fan, ó séú lá d'Aibreán, dá mbeifeá fá choinne préataí a chur, dá mbeadh an aimsir maith. Agus bheirfeá leat ansin do chliath fhuirte agus thosódh an treabhadh, an áit a raibh tú ag gabháil a chur phréataí. Agus ansin dhéanfá marcanna ansin fá choinne do chuid préataí ar rud a dtabharfadh siad na drills air. Bhuel bheadh cuid de ansin, chaithfeá é a bhrúscadh suas le rud a dtabhfadh siad an grubber air.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhrisfeá suas é.

DÓNALL: Talamh a

JIMÍ BEAG: Rinne muid é agus an talamh, sa dóigh go mbeadh sé iontach furast a dhéanamh, na drills a dhéanamh because ba mhaith le achan duine ceann maith díreach a bheith déanta aige (gáire) ...

DÓNALL: ... (Gáire)

JIMÍ BEAG: ... achan duine roimhe an duine eile, bhí sin fíor. Agus chuirte ansin, i dtólamh thart fan deichiú lá de mhí an Aibhreáin, bhí achan duine ar obair ag cur na bpréataí, thart anseo. Banners a ba mhó a chuirte ann agus bhí siad sin curtha, bheite a gcur thart fá na laetha sin, deichiú lá. Agus ansin bheadh na préataí, b'fhéidir go mbeadh siad ag cur pinks, bhuel ba ghnách leo sin a bheith curtha go measartha luath tá a fhios agat. Cha raibh oiread ama sa talamh acu leis an bhanner.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: See. Agus ba mhaith leofasan iadsan a bheith curtha, cha bheadh sé mór ach, but. Agus ansin sin ar ais, bhí ag an aimsir léir de sin a dhéanamh.

DÓNALL: Ó, nach cinnte go raibh.

JIMÍ BEAG: Ach dá mbeadh an aimsir fóirsteanach, ach ansin dá rachadh sé tamall, chaithfeá a ghabháil amach agus é a dhéanamh. Bhíte a gcur go minic leoga agus bhí sé fliuch fosta.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Because bhí na préataí scoilte, bhí báthlóg ag teacht orthu.

DÓNALL: Mmm, hmm agus chaithfeá a gcur sa talamh.

JIMÍ BEAG: Chaithfeá iad a chur sa talamh, dá mbeadh an bháthlóg ró-fhada tá a fhios agat, bhí tú ag gabháil a mbriseadh ansin nuair a bhí tú a, a gcur, ag cur clúdach orthu mar a deir siad. Nuair a bhí tusa ansin ag gabháil dá sin, bhuel, bhrisfeá iad ach muna mbeadh báthlóg ar bith orthu b'fhiú you see, bhí siad níos fusa a chur.

DÓNALL: Aye.

JIMÍ BEAG: See. Ansin nuair a bheifeá a gcur, bhuel bhí dóigh le iad a chur fosta, dáлта achan rud. Chaithfeá craiceann an phréata i dtólamh a chur thíos sa tal... , a chur thíos ag an talamh.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Scoilteofá thusa an préata, bhuel an giota úr a bhí, bhí, bhí, bhí ansin, aghaidh an ghiota sin, bhuel cha dtiocfadh leat sin a bhuaileadh thíos ar an talamh.

DÓNALL: Chaithfeadh sin a bheith aníos.

JIMÍ BEAG: Chaithfeadh sin a theacht aníos.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Agus ansin bhí dóigh eile, lobhadh siad dá mbeadh sé thíos agus barr `_____+'. Bhuel bhí dóigh eile ansin air tá a fhios agat, dá gcuirfeá thíos é agus an craiceann air, nuair a rachadh an préata a fhás, bhí an bháthlóg aníos, díreach. In am iontach ghairid agu sbhí sí níos láidre.

DÓNALL: Bhí.

JIMÍ BEAG: Dá gcuirfeá an bealach eile í chaithfeadh sí a theacht thart ar an phréata agus ghlacadh sé am agus cha bheadh sí chomh maith. Sin é, sin an gnás a bhí ansin.

DÓNALL: Inis domh fá na scoilteáin ansin, an bhfuil cuimhne agat, bhí muid ag caint an lá deireanach ar an, ar an pháosa, bhí ainm agat fá choinne an scoilteáin.

JIMÍ BEAG: Ó, fá choinne an cheann a chaithfeá ar shiúl?

DÓNALL: Sea. Nach mbeadh súile ann.

JIMÍ BEAG: Ceann nach raibh súile ar bith ann?

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Sin an boc, sin an ceann a dtabharfadh siad an langán air.

DÓNALL: Langán.

JIMÍ BEAG: Langán a bhí muidinne a thabhairt air. Bhuel, steallóg a bhéarfadh siad air áiteacha eile.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: See. Thiar ar an taobh eile den tír.

DÓNALL: Steallóg?

JIMÍ BEAG: Sceallóg.

DÓNALL: Sceallóg.

JIMÍ BEAG: See, sin an t-ainm a bhéarfadh siad air siar an bealach eile.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Ach langán a bhéarfadh siad anseo air againn i dtólamh. Bhainfeá sin den phréata agus char bhfiú a dhath é agus chaithfeá suas é, chaithfeá uait é. Bhuel b'fhéidir go má bhfiú dá eallach ná rud inteacht é...

DÓNALL: ... Sea, dhéantaí sin leis.

JIMÍ BEAG: See, dhéantaí sin leis. Agus bhí sin an préata ann a dtugadh siad an préata dall air. Cha raibh súile ar bith annsan.

DÓNALL: Cha raibh súl ar bith ann.

JIMÍ BEAG: Cha raibh. Cha dtiocfadh seisean ar chorr ar bith. Even bheadh cuid mhór de na, de na langáin, chaití ar shiúl fosta, d'fhásfadh siad sin ceart go leor, cha raibh siad go freagrach.

DÓNALL: Ní bhfiú mórán iad.

JIMÍ BEAG: Deir siad cha raibh siad chomh freagrach ar chorr ar bith.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: Cha raibh siad chomh maith.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Ó, bhuel, sin i dtrátha an ama a chuirte na préataí anseo. Thart fá dheichiú lá de mhí an Aibreáin.

DÓNALL: Sea, sea.

JIMÍ BEAG: Ansin bheadh coirce ansin le cur ina dhaidh sin.

DÓNALL: Bhí, go gasta ina dhiaidh.

JIMÍ BEAG: Bhí an coirce le cur go gasta ina dhiaidh sin ansin agus bheiteí ag freastal ar an am seo fosta dá mbeadh sé tirim, tá a fhios agat.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Bheadh cuid mhór den am sin, leoga cha bheadh sé maith ach still bhí, bhí, bhí, bhí siad ag gabháil leo ar scor ar bith agus á, bhí léir oibre ann.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Bhí.

DÓNALL: So, an mbeadh an coirce istigh roimh dheireadh Aibreáin a Jimí?

JIMÍ BEAG: Ó, bheadh, bheadh. Ó bheadh tamall.

DÓNALL: Bheadh.

JIMÍ BEAG: Bheadh. Ó chomh luath agus a bheadh siad réidh leis na préataí léir den am, '___' an coirce ansin. Bhuel, bheadh siad ag freastal ar na phortaigh.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: You see, bhuel, chaití na rudaí sin a dhéanamh sula rachadh siad na phortaigh. Because bhí an coirce le cur isteach.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhí na préataí istigh ansin. Bheadh cuid acu ansin, chuirfeadh siad leas faoin phréata, isteach sa drill.

DÓNALL: An gcuirfeadh?

JIMÍ BEAG: Ó, chuirfeadh.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Chuirfeadh. Ó, bhuel, cha dear muidinne ró-mhinic anois é because bhí siad, bhí, bhí, bhí, bhí muid cineál, cha, cha raibh muid cleachtaithe, bhí léir mór áiteacha agus dhéanfadh siad ansin drill fá choinne préata a chur ann. Bhuel ansin chuirfeadh siad leas faoin phréata. See. Bhuel cha raibh feidhm ort sin a chur go luath.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Thiocfadh leat préata a chur, banner a chur san am sin, dá mbeifeá thusa ag cur leas faoi, thiocfadh leat an banner a chur agus cha mhiste duit é a chur ar an deichiú lá de mhí na Bealtaine.

DÓNALL: Thiocfadh sé ar scor ar bith.

JIMÍ BEAG: Thiocfadh agus bheadh préataí maithe ann.

DÓNALL: Bheadh, bheadh.

JIMÍ BEAG: Agus chan fhiú a dhath a dhath a chur ró luath, char bhfiú am ar bith amach ó má bhfuil teas sa talamh. Níl sé ag gabháil a dhéanamh a dhath dó.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: Dá gcuirfeá thusa préataí agus, agus, ró luath sa tséasúr, cha dtig siad go dtí a dhath.

DÓNALL: Ach a Jimí, c'úair, an dóú lá déag?

JIMÍ BEAG: An dóú lá déag de mhí na Bealtaine. Agus bhí préataí ar dóigh ann.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Agus chonaic mé préataí curtha, agus bhí sé ar thús June. Meitheamh. Agus thiocfadh liom an cómhair (cover) ach go bhfuil sé rófhada ar shiúl a thaispeáint duit a cuireadh ann iad agus bhí sé thart fá sin agus ó, bhí préataí millteanach ann. Bhí an teas sa talamh agus cha raibh sé even seachtain, bhí siad ar uachtar.

DÓNALL: Sin é, sin é.

JIMÍ BEAG: Chuir mise préataí luath bliain amháin, nine, 1956, tá cuimhne mhaith agamsa ar sin agus chuir mé iad agus, bhí sé an tríú lá fichead d'Aibreán, sin an lá a chur mé iad. Agus chuaigh mé amach, níl a fhios agam, cha raibh sé mórán laetha ina dhiaidh sin agus bhí fear, go ndéanfaidh an Rí mhaith air thiar ansin ar an taobh thiar domh, tá siad curtha uilig sa teach anois cibé ach bhí siad alright agus chuaigh mé síos agus dúirt sé liomsa, ghlacfa cover a chur orthu seo a dúirt sé, tá siad ar uachtar agus cha raibh siad mórán laetha curtha. See. Agus bhí, sin an tríú lá fichead d'Aibreán, sin chorr a bheith deireadh na míosa, an dtuigeann tú? Sin an bhliain a bhí muid ag déanamh an tuí anseo.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Cha raibh faill agam é a ch., agus chuaigh mé síos an lá seo agus chaith mé an tráthnóna síos iad agus chuir mé cúpla barra leas futhu agus lá arna mhárach ina dhiaidh sin agus tháinig, bhí mé ag gabháil síos ag amharc orthu, Domhnach amháin agus dúirt an fear a bhí thiar anseo ar an taobh eile domh go díreach, bhí sé thíos agus dúirt sé ó ghlacfa cover a chur orthu seo roimhe fhad a dúirt sé, tá siad anois ag gabháil a bhriseadh an talaimh. Tá siad ar obair a dúirt sé, d'amharc mé orthu, bhí siad chorr a bheith ar uachtar uilig, cha raibh siad i bhfad curtha uilig.

DÓNALL: Agus an raibh báthlóg orthu a gcur duit?

JIMÍ BEAG: Bhí cinnte, bhí báthlóg mhaith orthu.

DÓNALL: Bhí.

JIMÍ BEAG: Bhí. Ansin nuair a bhí báthlóg mhaith orthu san am sin bhuel, cha chuirfeá mórán cover orthu go bhfaigheadh siad cineál ar obair ar ais.

DÓNALL: No. Tá a fhios agam, sea.

JIMÍ BEAG: Chuirfeadh siad ancairí, mar a dúirt said leis na hancairí.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Chuirfeadh siad ancairí in am iontach ghairid.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Chuirfeadh. Ó, cha, cha, cha bheadh siad fhad ar bith. Ach chuirfeá thusa préata anois déarfadh mé, ó, iontach luath sa tséasúr. Bhí sé chomh maith agat an préata a fhágáil, bhí, an préata luath.

DÓNALL: Caidé a dúirt tú an lá deireanach a Jimí nuair a bhí mé réidh le imeacht amach an doras, bhí tú ag caint ar?

JIMÍ BEAG: Ó, bhí mé ag caint ar fhear inteacht a chuaigh an aonaigh, tá a fhios agat, lá amháin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus, cosúil, chuaigh sé soir na gCroisbhealach, árá ag caint ar am 's ar dhroch am 's achan rud. Dúirt sé liomsa ina dhiaidh sin, ó a Athair shíoraigh a dúirt sé, tá am millteanach anois ann, níl seo i bhfad uilig ó shin ó bhí sé ag inse seo domh, agus dúirt sé liomsa, nach millteanach an t-athrach atá air fosta a dúirt sé. Ó bhuel, tá athrach a dúirt mise, tá achan rud ag athrach. An dóigh a bhfuil sé dó, a dúirt sé, nuair a bhí mise i mo dhiúlach óg, ba ghnách liom a ghabháil chun an aonaigh agus tá cuimhne agam am amháin a chuaigh mé soir ag aonach na gCroisbhealach, dhíol mé rud inteacht agus chan fhuair mise a dhath as sin ach corradh 's punta agus an dtiocfadh liomsa a ghabháil isteach a dúirt sé ag ól nó isteach fá choinne a dhath le hithe, no, cha dtiocfadh leis a bheith déanta. Árá, a dúirt mise, tá scéal agat. Tá sé chomh fíor agus atá mise a inse duitse anois a bhuel a dúirt sé agus chreid mise an fear ceart go leor. Dúirt sé go raibh sé fíor. So, dúirt sé, muna gcreideann tú a dúirt sé, bhuel tá, fágfaidh mé agat é, a dúirt sé, ach tá sé fíor. Bhuel a dúirt mise leis, creidfidh mé tú ná cha raibh an rud maith. Cha raibh a dhath agam ach siúl ar ais na bhaile a dúirt sé agus mo chuid

airgid liom, cha raibh sé mór ach cha déan sé difir a dúirt sé, b'éigean domh é a dhéanamh. Anois, a dúirt sé, caidé a bhéarfá do fhear eile le cur bealach ar bith anois. Ó níl a leithead de rud a dhíobháil air, nach bí ag caint leis fá choinne a ghabháil bealach ar bith a dúirt mé leis, ná níl sé ag gabháil a dhéanamh cibé, amach ó bhfuil sagart nó dochtúir a dhíobháil ort agus tá fón aige agus níl feidhm airsean (gáire).

DÓNALL: `_____+' (Gáire)

JIMÍ BEAG: Níl feidhm air imeacht (gáire). Sin anois an t-athrach a dúirt mise atá ann.

DÓNALL: Sin go díreach é.

JIMÍ BEAG: Agus, bhuel, níl a fhios agam caidé a shíl sé domsa ach siúd an dóigh a raibh sé déanta a dúirt mise. Dúirt sé liomsa siúd an dóigh a raibh sé déanta. Bhuel, áru leoga, bhí am, bhí am cruu acu sna hamanna sin fad ó shin. Bhí leoga. Bhí. Cha raibh. Is é a raibh ag seasamh daofa in sna háiteacha seo anois thart againne agus siar Gaoth Dobhair, siar na Rosann, siar íochtar achan áit agus amach fosta cuid mhór áiteacha go raibh na giotaí beaga curtha acu agus cha raibh feidhm orthu a ghabháil an tsiopa ró mhinic.

DÓNALL: Bhí sin fíor.

JIMÍ BEAG: Ní, caidé a bhí ag gabháil an tsiopa amach ó mbeadh duine inteacht istigh ag caitheamh tobac ná b'fhéidir snaoisín agus bhí mála plúir agus rudaí beaga mar sin. Tá a fhios agat.

DÓNALL: Sin a raibh.

JIMÍ BEAG: Ar an taobh amuigh de sin, ní anois tá fear thoir ina sheasamh, thoir ar na Croisbhealaigh thoir anseo, clár aige ó cheann go ceann an baile. Níl a dhath ar ach turnips agus préataí 's carrots 's tháinig siad sin anall as Russia, cuid acu agus an talamh atá thart fá dtaobh de ag gabháil amú.

DÓNALL: Right. Sea. Gan a dhath ar bith curtha.

JIMÍ BEAG: A dhath ar bith curtha.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Achan fhear ar shiúl ar an bhealach mhór agus tractor leis.

DÓNALL: Sea. Níl a fhios agam cén tuige a bhfuil sé dó.

JIMÍ BEAG: Bhuel, ní seo an áit a bhfuil an rud. Agus tá sé sorcháíoch agus talamh ag gabháil amú.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Agus is beag an giota de gharadh, is beag an giota de gharadh ná is beag an giota de chuibhreann an áit a mbeadh traidhfil daoine fá theach a choinneodh préataí leo i rith an tséasúr.

DÓNALL: Ó, choinneodh.

JIMÍ BEAG: Cha ghlacfadh sé mórán. Ach níl sé ag gabháil a bheith déanta níos mó.

DÓNALL: Níl cuma ar go bhfuil. Tháinig an t-athrach a Jimí.

JIMÍ BEAG: Bhuel, níl ort ach éirigh ar maidin ach a ghabháil amach tráthnóna agus tá an bhó ina sheasamh amuigh ag an doras.

DÓNALL: Tá.

JIMÍ BEAG: Tá fear an bhainne ag *birláil* thart, 's buailfidh seisean cúpla ceann ag an doras, ní níl bó ná a dhath a dh..., agus an mhuintir a bhfuil sé acu féin, níl siad a mbligh, is é an gamhain atá a mbligh.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: (Gáire)

DÓNALL: A Jimí, inis domh faoin ramás a bhí agat an lá deireanach.

JIMÍ BEAG: Ó, sin an cíós 's gearradh 's beithíoch sa chearta?

DÓNALL: Sea. Deireadh do mháthair, an bé?

JIMÍ BEAG: Ó, chan é, ó, mhothaigh mise achan áit é, tá sin, sin sean ramás a bhí ann sa tsean am fad ó shin.

DÓNALL: Abair arís é.

JIMÍ BEAG: Cíós, cíós agus gearradh.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Agus beithíoch sa chearta.

DÓNALL: Agus beithíoch sa chearta.

JIMÍ BEAG: Dúirt mé sin le duine inteacht ininiu féin. Cha mhothaigh sé ariamh é.

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: Á, dúirt mise, tá sibh i bhfad ar ais.

DÓNALL: Ceann maith atá ann.

JIMÍ BEAG: Cíos 's gearradh, bhuel, déarfadh siad sin fad ó shin, tá a fhios agat sa tsean am. Cha raibh mórán airgid, cha raibh airgead ar bith ann ach bhí siad á scríoadh suas fá choinne á dhéanamh.

DÓNALL: Bheadh, bheadh.

JIMÍ BEAG: Agus ansin, is cosúil go dúirt duine inteacht, bhuel, seandúine inteacht a déarfadh sin, mairim fad ó shin.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Bhí, bhí, bhí mairim an cíós agus an gearradh díota agus ansin mairim go raib crúigheacha ar an bheithíoch ionas cionnas gur sin méachan airgead an bhliain sin.

DÓNALL: Sin é. So bhí an chuid is mó déanta.

JIMÍ BEAG: Anois.

DÓNALL: Jimí tá mé ag gabháil a thabhairt aníos leat, bhí muid, bhí muid thíos ag reilg Ghort an Choirce níos luaithe but ba mhaith liom, ba mhaith liom do chuid seanchais ar eh, an t-am a d'oscail an, an ssean teach phobail úr Ghort an Choirce, a Jimí. An raibh tú ann ar an lá?

JIMÍ BEAG: Ó, cha raibh mise ann, bhí mise ar shiúl an t-am sin.

DÓNALL: Bhí.

JIMÍ BEAG: Ó, bhí mise ar shiúl an t-am sin trasna.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Bhí mo dhearthair, an fear atá pósta i Londain anois, bhí seisean anseo san am, sna blianta sin.

DÓNALL: Ach bhí a fhios agat, bhí rud inteacht fá dtaobh de, bhí a fhios agat cén chéad duine, an chéad chorp a cuireadh sa reilg úr sin nach bhí píosa inteacht mar sin agat.

JIMÍ BEAG: Ó, sa tsean reilg.

DÓNALL: Sa tsean reilg.

JIMÍ BEAG: Ó sa tsean reilg a bhí sin.

DÓNALL: Cé?

JIMÍ BEAG: Níl a fhios agam anois cén bhliain anois a cuireadh an duine ach tá a fhios agam gur don, sa tsean, sa tsean reilg seo thíos i nGort an Choice cinnte, cuireadh duine, clainn Uí Grianna a bhí ar an t-é a cuireadh. See. Bhí na daoine ina gcónaí thíos ar an Bhealtaine thíos anseo. Na Dálaigh ansin a tháinig ina ndiaidh, ach níl aon duine anois ann. Ach tá Dálach eile ag amharc ina dhiaidh, tá sé ina chónaí thoir i gCill Ulta, Hughie an Dálaigh, tá mac do...

DÓNALL: ... Tá a fhios agam é.

JIMÍ BEAG: See. Bhuel eisean anois atá istigh san áit sin, déarfaidh mé ag amharc ina dhiaidh, mairim gur leis é. Leisean an áit sin anois agus em, duine as an teach sin, an chéad duine a cuireadh thíos sa, tsean reilg i nGort an Choirce.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Thart fá dhá bhliain déag, a bhí an duine. Tá mé ag meas anois gur girseach a bhí ann anois, níl mé, de réir mar a mhothaigh mise, girseach a bhí ansin. Fuair sí bás agus sin, sin an chéad duine a cuireadh sa tsean reilg sin thíos. See. Bhuel, bhí siad sin, tháinig siad sin aniar as Loch an Iúir, tá na clainn Uí Grianna, níl a fhios agamsa cé na Greenes but aniar a tháinig siad an chéad uair. Agus ansin nuair a, bhí

siad fada go leor ansin, bhuel, cibé am ina dhiadh sin, d'ímigh siad siar ar ais. Ach cha dtiocfadh liom a rá, char lean mé an scéal, cé na daoine iad a chuaigh siar. Tá oiread, níl a dhath thiar ansin ach clainn Uí Grianna uilig, siar an bealach sin.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Bhuel ansin, d'ímigh siad siar ansin ar ais an bealach céanna. Agus chuir siad, dhíol siad an áit agus cheannaigh na Dálaigh é, tá siad ina gcónaí thuas i gcúl an chlaí sin. An t-athair mór s'acu sin thuas anois a cheannaigh é.

DÓNALL: Chím anois.

JIMÍ BEAG: Tá na mhac.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus ceannaíodh an talamh sin uilig, bhí giota measartha talaimh ann fosta. Bhí. Níl a fhios agam cén cineál teach a bhí ann, ó, bhí, cha dtiocfadh liom a rá. Bhí sclátaí air i m'amsa, b'fhéidir go raibh, b'fhéidir gur iadsan a chur na sclátaí air, cha dtig liom a rá. But, cheannigh sé an talamh cibé agus bhí sé uilig go léir curtha, an talamh, agus bhí cáil curtha ann. Bheadh sé lár an tsamhraidh bhuel nuair a bhí an cáil curtha. An talamh curtha. Agus dhá lane móna bainte. One hundred, céad agus dhaichead punta. Sin an rud a chuaigh sin. Céad agus dhaichead punta.

DÓNALL: Bhuel, creidim san am gur dhoiligh an t-airgead sin a fháil.

JIMÍ BEAG: Ba dhoiligh an t-airgead, chan achan duine a raibh sé abálta é a fháil. Bhuel sin an t-airgead a dhíol an fear a bhí thuas ansin air. Anois a mhac féin a d'inis domsa é.

DÓNALL: Mmm, hmm. Jimí, thug tú aníos ansin, d'ímigh tú go hAlbain óg go leor tú féin, inis domh fá nuair a d'ímigh tú a Jimí. Creidim just bhí achan duine ag imeacht 's..

JIMÍ BEAG: Ó, sin an rud a rinne é. Chaithfeá imeacht fosta 's amharc thart go bhfeicfidh tú caidé a bhí ann, tá a fhios agat, an dóigh sin. Bhuel, bhí fear eile sa bhaile againn a fhad agus a bhí mé ar shiúl, árú cha raibh mise iontach fada ar shiúl uilig tá a fhios agat ach bhí mé ar shiúl traidhfil iarrachtacha, see.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Ó chuaigh mé anonn agus chuaigh mé ag obair thuas ag na farmers thuas i mBerwickshire. See. Á bhí tú ag obair leat ansin cosúil le dá mbeifeá ag obair anseo. Ansin nuair a bhí tú cheachtaithe le a bheith ag gabháil do anseo, d'fhoir sé ar dhóigh inteacht duit, you see.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Ansin bhí sé, bhuel, chuaigh tú anonn agus cha dtiocfadh leat chorr a bheith, thiocfadh leat stopadh ar an bhaile mhór ach, ach chorr a bheith gur bhfearr leat a ghabháil amach as na háiteacha eile, chéad uair ar scor ar bith. Agus ansin, bhuel, bhí tú ag obair ag an airm ansin, bhí tú ag stopadh agus cha raibh sé ag cosnú a dhath duit. See. Bhí teach ansin agus thiocfadh leat stopadh ann tá a fhios agat, bhí, mar a deir siad le teach coiteora air. So, botaí.

DÓNALL: An raibh tú ag fanacht i mbotaí, bhí?

JIMÍ BEAG: Ó, bhí, ó d'fhan mé i mbotaí cinnte.

DÓNALL: Agus caidé mar a bhí sin a Jimí?

JIMÍ BEAG: Arú bhí sé garbh go leor ach tá a fhios agat, bhí tú óg, cha sílfeá a dhath do, bhí tú i dtólamh amuigh ag obair ansin agus caidé a bhí tú a chaitheamh istigh ann ach cúpla uair san oíche 's thiocfadh ansin, deireadh na seachtaine, bhí tú ar shiúl i ndiaidh am dinnéara Dé Sathairn, bhí tú ar shiúl b'fhéidir, rachfá an Aifrinn ansin Dé Domhnaigh 's bhí an lá thart ansin 's cha raibh tú istigh ann ach tamall uilig san oíche, 's ba chuma leat, rinne tú cúis. Nuair a bhíonn daoine óga, tá, tá an rud difriúil le tú, tá a

fhios agat nuair a rachaidh tú suas i mblianta, tá achan rud ró throm agus tá achan rud ciotach.

DÓNALL: Mmm, hmm. Agus cén bhliain a bhí ann, a Jimí?

JIMÍ BEAG: 1949. Sin an chéad bhliain a chuaigh mise go hAlbain. See.

DÓNALL: Ach bhí an cogadh thart, bhí tréan oibre ann?

JIMÍ BEAG: Ó bhí, bhí léir, cha raibh ann ach obair uilig.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: So ansin d'fhan mé ansin agus chuaigh mé anonn am, de, de am inteacht eile, bliain inteacht ina dhiadh sin ansin fosta. Chuaigh mé suas tamall fosta ansin 's tháinig mé ansin, chuaigh mé suas go Londain ansin ina dhiadh sin, bhí mé thuas i Londain ag obair tamall.

DÓNALL: Agus caidé a rinne tú i Londain?

JIMÍ BEAG: Á, bhí mé amuigh ag Londoan Airport ag obair ansin, arú tá a fhios agat, ag, an áit a raibh siad ag *buildáil* 's bhí siad ag déanamh control tower amuigh ansin fad ó shin agus arú bhí achan chineál oibre ann, bhí obair go leor ann. Bhí, ó, bhí, bhí obair go leor san am sin ann. Bhí agus cha raibh sé doiligh, ó ní dá bhfágfá obair anseo anois bheifeá ag obair áit inteacht eile roimh an oíche dá mbeadh dúil agat a ghabháil ag obair. Tá a fhios agat, bhí an obair iontach fairsing, charbh ionann é agus anois. Tá sé difriúil anois, muna bhfuil tú óg anois cha bheadh maith duit a ghabháil sna áiteacha sin, tá a fhios agat.

DÓNALL: Ach déarfainn gur bhfearr leat in Albain ná a bheith ag obair in Londain a Jimí? An raibh tú...?

JIMÍ BEAG: Bhuel, bhfearr ar dhóigh you know.

DÓNALL: 'S bhí níos mó cleachtadh agat.

JIMÍ BEAG: Arú bhí níos mó cleachtadh agat 's bhí Londain alright ansin, bheifeá ar shiúl le daoine tamall 's ansin 's d'imeodh siad sin fosta 's bhí tú ag stopadh in seomraí agus cha raibh sé ach go measartha ach an oiread, you know. Bhí. Chan a rá tá Londain níos measa anois ná bhí sé, bhí sé san am sin ar scor ar bith, giota maith, de réir mar a deir siad. Thug, bheifeá, bheifeá amuigh san oíche tá a fhios agat, cha bheadh oiread eagla ort ach oiread but tá mé ag meas nach dtiocfadh leat a ghabháil amach sa lá nó san oíche anois ann chorr a bheith mar is ceart. But, eh, bhí, bhí áit dheas ann le ghabháil thart air tá a fhios agat, shiúlfá thart air b'fhéidir ansin ag weekends agus eh, bheifeá istigh fá na stórthaí sin agus bheifeá ag amharc ar na siopaí agus ó, áiteacha deasa, níl, cha raibh dabht ar bith faoi sin. Bhí. Bhí cuid mhór, b'fhurast caitheamh aimsire a fháil ann yuo know.

DÓNALL: Bhí sé uilig úr duit.

JIMÍ BEAG: Bhí sé uilig úr domh 's rachfá síos ansin go mbeifeá thíos i Madam Tussauds agus bheifeá síos ansin fan EastEnd in áit a dtabharfadh siad Dirty Dicks air. Fá na háiteacha sin uilig, rachfá amach ansin tá a fhios agat, 's bheifeá thuas b'fhéidir fá, fan arú, bhí, bhí oiread áiteacha ann 's cha dtiocfadh leat chorr a bheith amach ó Sloans Square, ach bhí, bhí scenery 's bhí siopaí galánta ann. Tsk, tsk. Bhí. Bhí siad seo uilig, inseoidh mé duit caidé a bhí de dhíobháil ort, cha raibh a dhath de dhíobháil ort ach airgead ann.

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: Bhí. Agus bhí sé doiligh a choinneáil ann.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ansin sa deireadh, ghlacfa, ghlacfa dá mbeifeá ag obair i Londain ar scor ar bith, ghlacfa a bheith pósta agus *settláilte* ann le.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Tá a fhios agat, because bhí tú ar shiúl leat ann ar scor ar bith 's cha dtiocfaí ansin, déarfadh duine inteacht leat, bhuel, tá sé níos fearr gabháil giota eile agus rud but, but eh, cha, cha, chan áit atá ann a dtiocfadh liom fanacht ann ar dhóigh, mheasfainn. Tá a fhios agat an dóigh sin. Má tá tusa tógtha cosúil le mar a bhí muidinne anseo sna háiteacha seo, chorr a bheith tá cuid mhór daoine ar bhfearr leo, go háirithe má bhí tú i bhfad ag obair leat féin, b'fhéarr leo ag obair ar an talamh agus rud mar sin. Tá níos mó isteach leat, you know.

DÓNALL: Bhuel ní dhearna sé dochar ar bith duit, bhí tú i dtólamh ag foghlaim rud inteacht úr.

JIMÍ BEAG: Ó not at all. Bhuel you see sin an difir a bhí ann. Bhí a fhios agat cé leis a raibh an rud cosúil agus caidé an dóigh a raibh siad ag obair ar an taobh eile.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Sin an difir a bhí ann.

DÓNALL: But obair tógála is mó a bhí tú ag gabháil do?

JIMÍ BEAG: Ó sea. Obair tógála cinnte, ó bhí siad ag *buildáil* agus ag gabháil leo ansin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ó sea of course. Ó cha raibh sé doiligh obair a fháil leoga, gheobhfá obair de chineál ar bith agus gheobhfá obair áiteacha eile fosta dá mbeadh dúil agat a ghabháil ag obair ann, istigh áiteacha, bhfuil a fhios agat?

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Cha bheadh nóisean agat do, tá a fhios agat. B'fhearr leat amuigh fríd an, mar a deir siad leis an chomhlúadar.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Sin an difir atá ann.

DÓNALL: Caithfidh sé gur chonaigh tú an baile go mór a Jimí, nuair a d'imigh tú ar dtús go hAlbain?

JIMÍ BEAG: Á bhuel char, bhuel chonaigh, bhuel char chonaigh ar dhóigh eile but cha raibh ansin, cha raibh mórán eile le bheith ann.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: In sa bhaile 's, see, ansin bheifeá cineál tógtha leis, bhí tú i dtólamh ag dréim le theacht back ann. Sin an difir a bhí ann.

DÓNALL: Á bhuel bhí a fhios agat go dtiocfá na bhaile.

JIMÍ BEAG: Sin anois an difir a bhí ann.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Bhí. Arú bhí a fhios agat cinnte é, bhí a fhios. Á tá sé alright, an t-é, ní mar a dúirt an fear eile, d'imigh daoine 's rinne siad a n-am ar shiúl 's rinne siad a saol ar shiúl.

DÓNALL: 'S ní fill siad ariamh, cuid acu.

JIMÍ BEAG: Cha fill siad ariamh cinnte, léir mór acu.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Achan áit. See. Char fill siad ariamh.

DÓNALL: An bhfuil tú ag déanamh a Jimí anois eh, in d'óige agus ní raibh a fhios agat a dhath ach Gaeilge, cha raibh a dhath ann ach Gaeilge anseo, bhfuil tú ag déanamh go bhfuil athrach mór tagtha ó shin a Jimí, nach bhfuil an Ghaeilge '_____ '?

JIMÍ BEAG: Ó tá athrach millteanach ann. Ní níl a dhath agam ach siúl thart chóir theach scoile anois nach bhfuil i bhfad uaim 's cuid mhór béarla ag gabháil ar aghaidh anois. Agus béarla uilig atá gabháil a bheith ann de réir mar a chímsa. Tá siad ag iarraidh an Ghaeilge a thabhairt aníos agus tá achan rud fá dtaobh den Ghaeilge. Agus inniu féin mhothaigh mé iad ag caint ar na tithe saoire, go bhfuiltear gabháil a stopadh agus ansin ó thairbhe na Gaeilge, do ndéanfaidh sé droch, go mbeadh, nach mbíonn sé chomh maith ó thairbhe an Ghaeilge, fríd am, cuid mhór strainséirí ag teacht isteach ach tá siad istigh agus tá an béarla flúí.., iontach flúirseach ag an bhomaite.

DÓNALL: Tá.

JIMÍ BEAG: Iontach flúirseach. See. Agus tá cuid mhór daoine ar an bhaile seo féin anois, boic óga agus béarla atá acu. Cha raibh sin ann in am inne.

DÓNALL: Ní raibh a fhios agatsa sin. No, níor mhothaigh tú iomrá i riamh ar sin.

JIMÍ BEAG: Never. Tá siad ann anois bhuel.

DÓNALL: Tá.

JIMÍ BEAG: Bíonn siad ag gabháil an bealach mór agus níl mé anuas orthu. Tá, tháinig siad sin agus tá siad sin tógtha mar sin.

DÓNALL: Tá.

JIMÍ BEAG: Agus achan rud leis an rud eile but níl a fhios agam, beidh, beidh obair acu an Ghaeilge a choinneáil ag gabháil, suas, níl a fhios agamsa caidé dóigh a mbeidh sé déanta. Cause, tá siad ag iarraidh a bheith ag caitheamh airgid air, ach níl go leor a chaitheamh leithe. Sin an difir atá ann. Tá siad ag ligean ar shiúl na Gaeilge go díreach uathu. Tá sí ag imeacht uathu achan lá. Agus mar, mar a dúirt mé le duine inteacht inniu ar maidin féin, ag caint ar an Ghaeilge agus ag caint ar an rud a bhítheas ar an bhosca ar maidin faoin Ghaeilge agus ag iarraidh, fiach anois ná de rá a gcur in éadan na dtithe saoire agus cuid acu ina éadan agus cuid nach bhfuil. Bhuel tá siad ag cailleadh anois ar dhóigh, thiocthadh daoine isteach iontu agus bheadh siad ag gnó orthu. Bhuel, ansin beidh daoine ag teacht isteach agus beidh siad ag tógáil a gcuid taobh istigh gan tithe saoire ar bith agus béarla a bheas acu.

DÓNALL: Bhuel sin é.

JIMÍ BEAG: Caidé an difir atá ann?

DÓNALL: Bhuel sin é.

JIMÍ BEAG: Agus mar a dúirt fear inteacht inniu ar an bhos, ar an raidió ansin, déarfaidh muid do you see, tá siad ag cosnú air agus tá siad ag coinneáil boic óga thart fan áite ag obair ar na tithe agus achan rud leis an rud eile, agus ní mar a dúirt sé nuair a imeoidh, ní nuair a thiocthas daoine úra isteach ann ar scor ar bith even dá lucht na háite, ní tháinig siad, tá siad ag teacht isteach sna áiteacha agus cuid mhór béarla ag gabháil ar aghaidh.

DÓNALL: Tosaíonn an béarla ag póradh níos mó agus níos mó.

JIMÍ BEAG: Níos mó agus níos mó leis. An dtuigeann tú?

DÓNALL: A Jimí, inis domh c'ainm a thug tú ar, ar an ghlas a chuirfeá ar doras?

JIMÍ BEAG: Ó ruóg.

DÓNALL: Ruóg?

JIMÍ BEAG: Aye, sin ruóg.

DÓNALL: Sea. Inis domh an dóigh a mbeadh sé arís, a Jimí.

JIMÍ BEAG: Ó, tá a fhios agat, bhí poll fríd an doras.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Sean dorsa, fada, fada ariamh ó shin. Agus ansin déarfadh siad go gcuirfeadh siad corda fríd sin agus bhí rud ansin ar an taobh cúil, mar giota beag adhmaid ann a dtabharfadh siad an haspa air.

DÓNALL: Haspa.

JIMÍ BEAG: Haspa, haspa.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus thógfadh siad sé, tharraigneodh siad an corda, ansin thitfeadh sé síos ar an taobh eile agus ansin bhí giota beag eile adhmaid ansin, bhí gi, bhí eang gearrtha amach as sin agus thitfeadh sé isteach ann, dhruideadh an doras. D'fhanfadh sé druidte.

DÓNALL: D'fhanfadh.

JIMÍ BEAG: Cosúil le latch. Ansin dá mbeifeá ag gabháil a oscailt, bhuel cha raibh agat ach le é a tharraingt ar ais.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: See.

DÓNALL: Bhí sé cliste, nach raibh?

JIMÍ BEAG: Bhí.

DÓNALL: Ba chliste an smaoineamh é.

JIMÍ BEAG: Agus ansin, tá a fhios agat. Tá a fhios agat, na feadhnóga?

DÓNALL: Sea. Bheadh, bheadh ar an ...

JIMÍ BEAG: ... Sea, ar na hasalacha...

DÓNALL: ... Bheadh ar na hasail, sea.

JIMÍ BEAG: An raibh a fhios agat c'ainm a bhí ar a, ar a, ar a, ar an íochtar a bhí ar na feadhnóga? Tá a fhios agat.

DÓNALL: Níl a fhios agat.

JIMÍ BEAG: Cineál de latch. Sin an rud a dtabharfadh siad an tón, tónóg air.

DÓNALL: Tónóg.

JIMÍ BEAG: Tónóg.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: See, sin tóin an chléibh.

DÓNALL: Sea, agus tharraingeofá sin amach ar na feadhnóga.

JIMÍ BEAG: You see, bhí bata ansin ar íochtar, you see.

DÓNALL: Sea agus tharraingeofá amach é.

JIMÍ BEAG: Agus tharraingeofá, bhí róa, chuirfeá an bata isteach sa róa beag seo leis an bheithíoch ansin, tharraingeodh sé é.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ach nuair a tharraingeodh tusa an róa do you see, thitfeadh an lot. Sin an tónóg.

DÓNALL: Is ar, ar thóg tusa móin mar sin a Jimí, thuas anseo ar?

JIMÍ BEAG: Á, char thóg, cha raibh asal againne ariamh, you know.

DÓNALL: Ní raibh.

JIMÍ BEAG: Á cha raibh sin ar an phortach anseo.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: Cléibh a bhí ar an phortach.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Cliabh.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Agus bhí áiteacha a raibh an cliabh, a raibh dhá strap air mar seo, tá a fhios agat.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Cosúil leis an film, The Field fad ó shin.

DÓNALL: Sea, cliabh muine a bhéarfadh muid air.

JIMÍ BEAG: Mairim go bé, níl a fhios agam c'ainm a bhí air.

DÓNALL: Sin an rud a bhéarfadh muidinne ar i nGaoth Dobhair scor ar bith air.

JIMÍ BEAG: Yes, yes. But, cha raibh sin anseo. Yeah, cha raibh.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: Ó, cha raibh. Do you see, cha raibh ann ach sreang amháin anseo, tá a fhios agat.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: See.

DÓNALL: Sea, but bhí crua go leor a iompar.

JIMÍ BEAG: Ó bhí sé ina bhoc dá mbeadh sé ort i rith an lae. Bhí.

DÓNALL: Is iomaí lá de sin a rinne tú a Jimí.

JIMÍ BEAG: Ó, gee, is iomaí. Ansin bhí rud eile a bhí mé ag smaoineamh an lá thar dheireadh ar anois, eh. Sin rud, ar mhothaigh tusa iomra ariamh ar, do you see, ainmhí a thabhairt chun caidire?

DÓNALL: Char mhothagh mé iomra ariamh air?

JIMÍ BEAG: (Gáire)

DÓNALL: (Gáire) Tá tú i mo theagasc inniu, a Jimí.

JIMÍ BEAG: Bhuel sin, déarfadh mé anois, bhí eallach fad ó shin sna áiteacha ná nach raibh an féar chomh maith agus atá sé anois déarfadh muid.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Agus bheadh cuid den eallach, bheadh siad iontach aosta. Tá, tá athrach mór ar na hainmhithe anseo, tá a fhios agat, sin rud maith amháin atá ann. Tá. Amharctha anois ina ndiaidh anois níos fearr. Agus choinneotáí iad go mbeadh siad iontach aosta, bhuel. Déireodh siad ansin sa dóigh, thosódh siad cineál a ghéilleadh. Bhuel, b'fhéidir go mbeadh siad dáta blianta ansin. Bhuel, ansin nuair a bheadh siad ró-aosta, rachadh siad b'fhéidir a ghéilleadh. Ansin, chuirí amach ar an fhéar iad, you know.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Bhuel, dá mbeadh féar measartha ann ansin, thosódh siad a phiocadh suas, you see, a bhiseadh. Agus déarfadh duine inteacht ansin, ó sin giota deas féir, bhéarfadh sé ainmhí chun caidire. Go bhfaidheadh an t-ainmhí biseach.

DÓNALL: Mmm, hmm. Tá sin maith.

JIMÍ BEAG: Ó, tá sin, tá sin ag gabháil le fada.

DÓNALL: Tá.

JIMÍ BEAG: Tá sin ag gabháil le fada. Dá mbeadh féar curtha agatsa anois, cosúil le mar a ba ghnách liomsa a dhéanamh thíos, bhí sé maith cinnte, bhí mé abálta é a dhéanamh fosta. But, dá mbeadh sé curtha agat san am sin agus tú ag amharc i ndiaidh do chuid talaimh.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Agus déarfadh duine inteacht leat a bheadh ag gabháil an bealach mór, sin giota deas féir anois, b'fhéidir luath sa tséasúr, thart fá tús, deichiú lá d'Aibreán nó mar sin. Bheadh féar deas ann. Galánta. Déarfadh siad, nach deas an giota féir sin, bhéarfadh sé ainmhí chun caidire. Agus, dá rachadh ainmhí amach, go ndéanfadh sé maith dó.

DÓNALL: Tá a fhios agam. Tá sin ina fhocal maith a Jimí.

JIMÍ BEAG: Ainmhí chun caidire.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Ó, aye, bhí a fhios agam sin. Le fada. See.

DÓNALL: Inis seo domh a Jimí, thug tú aníos níos luaithe, níl a fhios agam an bé an lá deireannach a bhí muid ag caint air, eh, stáisiún Chaiseal na gCorr thíos ansin, an bhfuil cuimhne agatsa ar sin in d'óige a Jimí nuair a bhí...?

JIMÍ BEAG: Ó, bhí, bhí. Bhí. Ó bhí, ó bhuel tá sin ag gabháil ó bhí 1903 ansin, sin an t-am a fosclaíodh é, nach bé? Sea. Níl mé ag rá go raibh sé uilig foscailte san am sin ach bhí sé foscailte cibé. Bhí. Ó, bhuel, tá dálda achan rud ar an stáisiún, bhí sé, bhí sé, bhí sé fóirstineach san am sin. Bhí, bhí sé, bhí sé iontach úsáideach, á ní d'imigh cuid mhór daoine ar an, thuas ansin ar an traen go Meiriceá agus achan áit.

DÓNALL: Níor fill níos mó, an ndéarfá?

JIMÍ BEAG: Ó creidim, cuid mhór acu, nár fill níos mó. D'imigh, tháinig siad isteach as Toraigh agus shiúl siad siar an bealach uachtarach thuas i, chuaigh siad ar an traen thuas ansin, even as Toraigh. Bheadh siad ag stopadh, b'fhéidir, síos fá, fá, síos leath bealaigh agus ansin thiocfadh said aníos ar maidin agus rachadh siad ar an traen thuas ansin, go hAlbain 's achan áit, amach an Lagáin agus achan áit. Bhí sé iontach sásta.

DÓNALL: Bhí sé.

JIMÍ BEAG: Achan áit thiar, thiar agus achan áit eile.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: See. Ansin, you see, ó thús deiridh, is é, is é an tuige is mó a rachfá don traen, tá a fhios agat, ó thairbhe br, bráinse de chuid na Sasana a bhí ann. Ó thairbhe Dhoire.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Lough Swilly Railway. Tá a fhios agat. Sin an bráinse a bhí ann san am. See, níos mó ná sin, bhí siad, bhí siad fá choinne an t-iasc a fháil ar shiúl as, as Ailt an Chorráin, mar a deir siad.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Agus sin an tuige is mó a rabhtar di san am sin. Fá choinne an t-iasc a fháil ar shiúl.

DÓNALL: Bhí. Rachadh sí ó Ailt, Ailt an Chorráin go Doire.

JIMÍ BEAG: Rachadh sí ó Ailt an Chorráin go Doire agus ansin chuirte an t-iasc anonn go Sasain.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Anonn go Suffolk ná áit inteacht. Sin é, sin é, sin an réasún a ba mhó ar thosaigh an traen an chéad lá ariamh air. Chan fá choinne muidinne a thabhairt amach an Lagáin nó a dhath.

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: (Gáire) Á, not at all. Siúd an tuige. Ach ansin, rith sin fosta amach agus ansin d'úsáid ansin an dóigh eile é. You see, daoine a bhí ag gabháil go Meiriceá agus daoine a bhí ag gabháil go Albain 's ansin thosaigh ansin, nuair, nuair, nuair a chuaigh sin cineál síos, d'imigh ansin eh, d'imigh siad ansin agus tháinig am an chogaidh ansin agus tháinig an mhóin, bhí sí de dhíobháil amuigh ar an Lagán.

DÓNALL: Sin an rud.

JIMÍ BEAG: Agus thosaigh sí a thabhairt amach na móna. Agus ansin bheadh daoine anseo anois a bhí, bhítear, bhí siad ag cur ar shiúl na móna, wagons mhóna agus b'fhéidir ansin gheobhadh siad isteach cochán, as an Lagán a bheadh de dhíobháil orthu. Bhí sí ag tabhairt isteach cocháin agus b'fhéidir rudaí mar sin agus bhí sí ag tabhairt amach na móna, bhí sí iontach fóirstineach.

DÓNALL: Bhí sé ag obair go maith san am.

JIMÍ BEAG: Ó iontach, iontach maith.

DÓNALL: Yeah.

JIMÍ BEAG: Bhí, ó bhí sí iontach maith san am sin. See. But eh.

DÓNALL: Na beithigh agus na carranna ag tarraingt suas lódanna.

JIMÍ BEAG: Ó, bhí cinnte, bhí. Bhí an portach thuas.

DÓNALL: Sea. Ag na dtaobh.

JIMÍ BEAG: Portach, bhí siad ag baint na móna siar ó Phrolaisc thuas amach siar go mbeifeá thiar chorr a bheith os cionn Mhín a' Craoibhe, bheadh, bheadh giota millteachnach ansin, sin am an chogaidh. Bhí an council istigh ansin, bhí an mhóin sin

uilig ag imeacht ar an traen. Uilig go léir, lorries agus carranna agus beithigh ag tarraingt, anuas go dtí an stáisiún. Daoine ag obair ann.

DÓNALL: But scéim maith a bhí ann, a Jimí.

JIMÍ BEAG: Aye, sin 19, 194.... Thart fá na, i dtús an cheathra...., forties a thosaigh siad ar sin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhuel you see, scéim maith a bhí ansin. Sin an chéad airgead a tháinig san áit.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: A raibh a dhath mhaith ann.

DÓNALL: Aye.

JIMÍ BEAG: Bhí aosta agus óg ag obair ansin. San am sin, ag tiontú móna, ag baint mhóna, see, cruinniú móna agus ag gabháil leo.

DÓNALL: Bhí scilling le saothrú ann agus ...

JIMÍ BEAG: Ó, bhí cinnte, bhí. Agus ansin bhí, bhí siad, bhí an traen ansin a thabhairt ar shiúl. Iontach maith. Iontach maith.

DÓNALL: Ar dhíol tú féin móin leo a Jimí?

JIMÍ BEAG: Á, char dhíol muidinne móin leo am ar bith ná cha raibh, cha raibh an cuidiú ann fá choinne sin, tá a fhios agat.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: Cha raibh, cha raibh cuidiú ann fá choinne, cuid mhór áiteacha a raibh boic óga, mar atá anois. Daoine óga thart ann, bhuel, dhíolfadh siad sin, tá a fhios agat, móin.

DÓNALL: Aye, dhíolfadh.

JIMÍ BEAG: Agus ansin bhí siad ag obair amuigh ar an mhóin, an dóigh chéanna.

DÓNALL: Tá a fhios agam, aye.

JIMÍ BEAG: Ag baint na móna, cuid acu agus ó, chaith siad blianta ag gabháil dá sin, traidhfil blianta. Ó rinne siad airgead go leor.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Rinne. Bhí sé maith san am.

DÓNALL: Á, bhí sé maith.

JIMÍ BEAG: Iontach maith.

DÓNALL: Ach tá cuimhne agat ar mhuintir Thoraí ag imeacht, a Jimí, ag siúl aníos?

JIMÍ BEAG: Chan fhaca mé ariamh iad ach mhothaigh mé go raibh siad ag gabháil dó. Ó chan fhaca mise sin ariamh. Bhí sin roimh m'am tá a fhios agat. But ó bhí siad ag siúl cinnte. Bhí. Anois. Shiúlfadh siad aniar as Mín an Chladaigh ann agus chuaigh siad ar an traen thuas ansin. Sin a, sin a, sin dóigh amháin a bhí ann ná cha raibh bus ar bith ann.

DÓNALL: Ó bhuel, sin é. Agus ag imeacht go Meiriceá ansin.

JIMÍ BEAG: Ní, nuair a thosiagh an bus den chéad uair, cha raibh sé ag gabháil thar Bhedlam thíos ansin.

DÓNALL: Ní raibh.

JIMÍ BEAG: Cha raibh. Ansin.

DÓNALL: Cén bhliain a thosaigh sí a Jimí, do bharúil?

JIMÍ BEAG: An traen?

DÓNALL: An bus.

JIMÍ BEAG: Ó, gee, níl a fhios agam cén bhliain a thosaigh, níl a fhios agam cén bhliain, ó bhuel, bhí sí ar obair, níl a fhios agam cén bhliain a thosaigh sé, tá a fhios agam nach raibh sé ag gabháil thar Bhedlam ar scor ar bith.

DÓNALL: Ní raibh ar dtús.

JIMÍ BEAG: Cha raibh ar dtús.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Ansin, thosaigh sé ag gabháil siar.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Bhí sí ag stopadh. Bheadh siad ag stopadh i dteach ar do, thiar ar an taobh eile den *gharage* ansin, tá boic ag stopadh anois ann fosta. Ar an taobh thiar den droichead go díreach ansin, sin an áit a raibh lucht na mbusanna i dtólamh ag stopadh ansin, Ferry a bhí air, Micí Eoghanaís Uí Fhearraigh a bhéarfadh siad air. Ó bhí, chonaic muid féin na busanna ansin san am sin. So, eh. Sin, sin na hathruithe, dáлта rud inteacht eile.

DÓNALL: Sin na athruithe.

JIMÍ BEAG: Agus ansin d'imigh, bhí siad ag imeacht as sin go Meiriceá ansin, cuid acu ag siúl amach an Mhucaise.

DÓNALL: Bhí.

JIMÍ BEAG: See. Tá a fhios agat, chaithfeadh siad as áiteacha eile b'fhéidir soir cineál.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhí siad ag gabháil amach an Mhucaise. Agus amach ansin, shiúl, bealach Leitir Ceanainn. Ní tá droichead amuigh ansin ar chúl na Mucaise ansin, an bhfaca tú?

DÓNALL: Tá, chonaic mé an droichead sin.

JIMÍ BEAG: Droichead na nDeor.

DÓNALL: Sin é. Tá an plaque thuas air.

JIMÍ BEAG: Tá.

DÓNALL: Droichead na nDeor.

JIMÍ BEAG: Tá.

DÓNALL: Rachadh daoine, shiúladh daoine leofa, an bé a Jimí?

JIMÍ BEAG: Bhuel, do you see, mhothaigh mé argóint ar sin. Dúirt cuid acu gur cheart don droichead sin a bheith thuas san áit a bhfuil an statue, ag barr na mullacha. Ach, sin Droichead na nDeor atá air cibé. Sin an áit a déarfadh siad, a scarfadh siad.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: An mhuintir a bheadh ag imeacht, d'imeodh siad agus ansin filleadh an mhuintir eile.

DÓNALL: Sin mar a bhí.

JIMÍ BEAG: Ach mhothaigh mé argóint ar sin gur, gur thuas ag barr na mullacha a ba cheart do, an áit a bhfuil an statue. Gur sin, ná tá a fhios agat, go rachadh an mhuintir eile síos an mhullach.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: See. Go dtiocfadh an mhuintir eile anuas ar an taobh seo, cha dtiocfadh liom anois déanamh amach ach mhothaigh mé sin, mhothaigh mise mé féin sin. So sin Droichead na nDeor.

DÓNALL: Anois a Jimí, ba mhaith liom tú cuid de na seanfhocail sin eile atá agat, a Jimí. Bhí tú ag caint ar, eh, slóidín, an bé sin an t-ainm a thug tú air?

JIMÍ BEAG: Sin slóidín, sin an ceann a tharraingeodh siad amach as faoin, faoi, faoi, faoi na feadhnóga.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Giota de bhata atá ann ná giota de shlat cál a bheas ann, is é is láidre.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ansin tá, tá rópa beag ann ansin, cuirfidh tú isteach mar a lúbóg air. Ar an tslat agus ansin nuair a bheas tú ag gabháil ansin, a ligint ar shiúl an lód a bheas istigh

sa chliabh, bhuel caithfidh an péire cineál imeacht i gcuideachta, muna n'ímigh, beidh taobh ar an asal. (Gáire)

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: Chan ann ach go dear muid ariamh é ach tá a fhios agam caidé an dóigh a bhfuil sé déanta.

DÓNALL: Bheadh droch bhaill ar an asal bhocht.

JIMÍ BEAG: Agus slويدín a bhéarfadh siad ar an tsilat sin.

DÓNALL: Sin slويدín.

JIMÍ BEAG: Sin an rud a mhothaigh mé. Slويدín atá air. Aye.

DÓNALL: Agus cén ceann eile a bhí ag rá ansin? Cnead an bé, ná?

JIMÍ BEAG: Ó cnead.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Aye, ó bhuel sin, más ainmhí a bhí ansin nach mbeadh ag gabháil iontach maith agus bheifeá ag amharc air agus déar., thiocfadh duine inteacht thart agus déarfadh siad, ó, caithfidh sé, tá, tá, tá an t-ainmhí sin tinn ná tá cnead ann.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Tá cnead ann. Ní, níl sé abálta an anáil a fháil leis mar is ceart, tá a fhios agat. Tá sé cineál briste aige. Sin a, sin an rud a dtugann siad an cnead air. Nach dtiocfadh len, t-ainmhí a anáil a fháil mar is ceart.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: See. Cnead. See.

DÓNALL: Tá sin ag gabháil ó shin.

JIMÍ BEAG: Bhuel sin an t-ainm atá air.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Cnead.

DÓNALL: Tá ceann eile....

JIMÍ BEAG: Agus an útseach

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhuel, sin, sin rud a bhí amach as na tithe fad ó shin, tá a fhios agat. Go díreach, ag déanamh fairsinge.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: A mbeadh leapacha istigh iontu agus tá a fhios agat, b'fhéidir coirnéail de rudaí.

DÓNALL: Sea. Coirnéal beag garbh.

JIMÍ BEAG: Coirnéal beag, yes, that's right. An útseach dá rud.

DÓNALL: Útseach.

JIMÍ BEAG: Taobh amuigh áit ar bith ná a dhath eile.

DÓNALL: Aye.

JIMÍ BEAG: Déarfadh siad tá sé caite thoir san útseach sin thoir ná tá a fhios agat, sin an t-ainm a bheadh ar choirnéal a gcaithfeá rudaí isteach ann. See.

DÓNALL: Jesus, tá sin maith a Jimí.

JIMÍ BEAG: Ó, tá siúd fíor.

DÓNALL: Sin na focail atá ag imeacht go gasta, nach bhfuil?

JIMÍ BEAG: Ó mairim go bhfuil siad ar shiúl, léir acu. See. Beidh léir acu sin ar shiúl anois, dálda, cé atá ag gabháil a dtabhairt ar ais. Agus caidé, caidé an méid nach bhfuil ar shiúl?

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: See. Bhí, ag daoine atá sínte.

DÓNALL: Á, bhuel sé sin é. Rudaí, focail nach bhfuiltear a n-úsáid, ní mhairfidh siad. Gheobhaidh siad bás.

JIMÍ BEAG: Ó, ó, cha mhaireann, cosúil le achan rud. Tá sé cosúil le rud a bheadh amuigh ansin agat, ná even an carr atá leatsa inniu. Tá sé úr anois déarfaidh mé, do you see, muna mbainfeá thusa úsáid dá sin go ceann cúig bliana, ní bhí an carr sin, bhí sé ó mhaith.

DÓNALL: Tá sin fíor.

JIMÍ BEAG: Is cuma caidé an rud é.

DÓNALL: Sea. Inis domh a Jimí, rachaidh muid ar ais ag a, a, ag an Fhómhar creidim, an rideal, an bé sin an t-ainm a bhéarfadh, ar a, an áit a bheifeá...?

JIMÍ BEAG: Ó sin an rud a bheadh agat fá choinne arbhar a ridealú.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Coirce a ridealú you know.

DÓNALL: Sea, sea.

JIMÍ BEAG: Tá a fhios agat. Bheadh, bheadh, bheadh an coirce buailte, bhuel bheadh léir, tá a fhios agat, b'fhéidir sífíní ann.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Cineál de shífíní briste agus tá a fhios agat, bhuel ansin chuirfeá fríd an rideal iad, cha dtiocfadh leis na sífíní a ghabháil síos.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: You know, tá a fhios agat an dóigh sin.

DÓNALL: Bheadh gráinne fágtha go fóill.

JIMÍ BEAG: Bheadh an gráinne fágtha, bhuel ansin, bheadh still léir salachair in sa ghráinne.

DÓNALL: Ó bheadh.

JIMÍ BEAG: Bhuel bhéarfá amach é ansin déarfadh mé, phiocfá suas é, chuirfeá i mála é, bhéarfá amach ansin a, gráinne, agus nuair a bheifeá ag gabháil a ghlanadh leis an ghaoth.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: See.

DÓNALL: Shéidfeadh an lóchán ar shiúl.

JIMÍ BEAG: Shéidfeadh an lóchán ar shiúl agus an salachar, see. Cáithleach a bhéarfadh siad ar léir de sin.

DÓNALL: Cáithleach?

JIMÍ BEAG: Cáithleach. Cáithleach.

DÓNALL: Sea. Sea.

JIMÍ BEAG: Níl a fhios agam caidé an dóigh a litreofá sin, mairim gur c-i-t-h-l-e-a-c-h or something.

DÓNALL: Sin rud gan úsáid a bheadh ann, nach bé?

JIMÍ BEAG: Sin rud gan úsáid, narbh fhiú a dhath é. Cáithleach rud ar bith a imeoidh nach bhfuil a dhath mhaith ann.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: See.

DÓNALL: Caidé fá amuigh ar an chaorán a Jimí?

JIMÍ BEAG: Eh?

DÓNALL: Caidé fá amuigh ag baint mhóna fosta a Jimí, bhí focail maith eile nach bhfuiltear a n-úsáid níos mó? Pháráil ceann acu an bé?

JIMÍ BEAG: Ó, arú anois, tá a fhios agat, chaithfeá an bachta a lomadh, sin, sin an rud. Bhí sé le páráil agat ansin 's...

DÓNALL: ... Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Barr le baint do sa dóigh go mbeadh an fód tirim. Ansin bhí sé le, ní bhí sí le tiontú agat 's le cróigiú agat 's le clampáil agat 's cha raibh daoine anseo ag déanamh mórán clampáil, bhí sí le ath-chróigiú a déarfadh muid.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Fá choinne í, fá choinne í a stáladh.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Thiocfadh lei, a déarfadh siad fad ó shin, tá sí níos tirme ach níl sí stálaigh.

DÓNALL: (Gáire) Sin focal mór de chuid mo mháthara, tá a fhios agam, móin a bheadh stálaigh ná '_____'

JIMÍ BEAG: You see, tá, tá móin achan lá ann agus déarfaidh siad, tá an mhóin, ó cha raibh siad i bhfad ag triomú i mbliana. Níl, tá sí tirim ach níl sí stálaigh.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Cuir thusa sean mhóin atá trí ná ceithre bhliana istigh in, in áit agat agus atá iontach, iontach tirim, cuir thusa ar, ar an tine í, mairfidh sí i bhfad níos faide ná rud nach bhfuil tirim.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Agus tá tú ag fáil teas amach aisti.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ BEAG: Níl tú ag fáil teas ar bith as an rud eile.

DÓNALL: Níl.

JIMÍ BEAG: Ach toit.

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: Sin a bhfuil ann. Tá sí maith go leor cinnte go leor but tá an rud atá stálaigh. Agus má tá an fód stálaigh, sin rud eile do, caith thusa isteach sa bhachta fód, fág an portach i mbliana, caith isteach fód agus tá sé stálaigh tirim. Go thusa suas ar an bhliain seo chugainn ar ais agus tá an fód sin go crua leis an lá a chaith tú isteach ann é.

DÓNALL: Tá.

JIMÍ BEAG: Is cuma caidé an cineál séasúr nó Geimhreadh atá ann.

DÓNALL: Tá, tá sin fíor.

JIMÍ BEAG: Ach caith isteach ceann nach bhfuil a dhath ach tirim, nach bhfuil stálaigh, beidh seisean ina chása.

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: (Gáire) Sin an difir atá ann.

DÓNALL: Agus dhéanfá, dhéanfá na b..., i ndiaidh a ath-chróigiú fosta a Jimí, nuair a bheadh sí measartha triomadh maith, an ndéanfá ricil móna, nach ndéanfadh?

JIMÍ BEAG: Bhuel thiocfadh leat ráth a dhéanamh.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Sé ráth a bhéarfadh muidinne air.

DÓNALL: Bhuel sin focal eile fá choinne an rud céanna.

JIMÍ BEAG: Sea cinnte.

DÓNALL: Inis domsa anois caidé a dtabharfá thusa ráth air, go bhfeicfidh mé.

JIMÍ BEAG: Bhuel you see, sé an dóigh a dtabharfadh muidinne ráth air dá mbeifeá thusa fá choinne móin a fhágáí nach mbeadh millteacnach tirim agus gan í de dhíobháil ort go dtí an darna bliain.

DÓNALL: Tá sin fíor.

JIMÍ BEAG: Dhéanfá ráth dithi ar an phortach agus leagfá go díreach fód uirthi, cha bheadh, cha, you see, cha chuirfeá i mullach a chéile é cosúil leis an fhód a *bhuildeálfá*, leagfá go díreach suas ar an taobh é.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Agus rachfá suas ar ais b'fhéidir na phortaigh ansin thart fá Shamhain ná idir sin agus Nollaig agus dhéanfá suas an ráth sin go húr ar ais agus ansin nuair a rachfá suas san Earrach bhí an ráth sin tirim. Ach le í a *buideál* cha bheadh sí chomh tirim.

DÓNALL: Sin focal maith eile.

JIMÍ BEAG: Ráth. Cha bheadh sí chomh tirim.

DÓNALL: Agus caidé dá, caidé dá mbainfeá anois, dá mbeadh bachta trí fóide ann a Jimí ná beirt agus bhí bruach ann agus ní raibh tú abálta í a fháil amach, an tríú fód,

ghearrfá líne anonn mar sin, líne fada fad an bhachta air, c'ainm a bhéarfá thusa ar sin, a Jimí?

JIMÍ BEAG: Bhuel ní, muna raibh ach trí fhód air agus gan tú abálta a chur amach, chaithfeá é a fháil srathnaigh.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Chaithfeá fear a chur ar, ar an uachtar agus...

DÓNALL: ... Sea.

JIMÍ BEAG: An mhóin a chaitheamh chuige, sin an rud a dtabharfá an srathnú air.

DÓNALL: Sea. Ach sé, sé thíos in sa bhachta atá mé ag rá, an áit a mbeadh, an áit nach mbeifeá abálta an tríú fód ná an darna ceann fiú a fháil amach. Tharraingneofá, dhéanfá reiteal ná, reiteal a bhéarfadh muidinne air.

JIMÍ BEAG: Ó, aye, reiteal, bhainfeá, fá choinne beir ar an fhód eile.

DÓNALL: Sea, sea.

JIMÍ BEAG: You see, cha bheifeá abálta agus arís ansin, chaithfeá thusa ansin, tharraingneofá reiteal suas leis an spád, bhí tú abálta do mhéar a fháil síos ansin ansin agus é a thabhairt amach.

DÓNALL: Sea, mmm, hmm. Reiteal.

JIMÍ BEAG: Sin reiteal.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ó sin reiteal atá ansin.

DÓNALL: Sea. Sin focal maith.

JIMÍ BEAG: Sin reiteal. Ó sea. Aye. Sin, dhéanfá sin leis an spád. An dtuigeann tú?

DÓNALL: An bhfuair tú im sa bhachta ariamh a Jimí?

JIMÍ BEAG: Cha nuair. Cha nuair. Mhóthaigh mé daoine a fuair.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Mhóthaigh mé go raibh, go bhfuair duine inteacht suas ansin am amháin im sa bhachta. Go raibh sé still ina im.

DÓNALL: Ó bheadh. Chomh maith agus a bhí sé an chéad lá.

JIMÍ BEAG: Deir siad sin.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Maí ó. Ó chan fhaca mise ariamh é, mhóthaigh mé go raibh sé fíor.

DÓNALL: So bhain tusa móin thuas anseo ar an droim a Jimí, an bé?

JIMÍ BEAG: Ó, amuigh thuas ar, i gcúl an stáisiúin ansin, amach siar ó, an áit a dtugann siad Loch an Ghainimh air, siar ag teach, amach siar an top sin, ag tarraingt ar Mhín an Leá agus tá dhá loch ansin.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Thuas fá sin go díreach. Bhain muid, ó bhí muid ag baint móna ansin i dtólamh, bhí. Go dtí gur stad mé.

DÓNALL: Tréan caoráin ann fosta.

JIMÍ BEAG: Á bhuel tá caorán go leor ann leoga, níos mó anois ná atáthar ag gabháil a úsáid ach, ach bhí cuid mhór de ag reachtáil sa deireadh.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Bhí.

DÓNALL: Á bhuel nuair a bhaintí léir de, titfidh an mhóin.

JIMÍ BEAG: Ó, mhóin, cha raibh an doimhne ann do you see.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: Sin an áit a raibh an rud. Cuid mhór do ar a, ar an ghraibhéal.

DÓNALL: Sin é.

JIMÍ BEAG: Bhí an mhóin maith go leor ach, ach cha raibh an doimhne ann, tá a fhios agat, that kind of way.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Cha raibh. Ó bhí, á bhí móin go leor, á bhí sí fóirsteaneach fosta.

DÓNALL: Ó nach cinnte. Sure...

JIMÍ BEAG: You see, tine shaor a bhí ann.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Bhí an tine iontach saor. Bhí, tá anois, tá an tine daor. Ceannóidh tú daor í agus tiocfadh fear na hola thart agus tá sé daor agus tiocfadh fear electric thart agus cha dtig seisean, tiocfadh sé thart ag amharc ar, tiocfadh fear eile thart 's giota pháipéir leis, inseoidh sé duit caidé atá agat le tabhairt dó. (Gáire)

DÓNALL: Bainfidh sé an cluibhreach duit go gasta (gáire).

JIMÍ BEAG: Níl an fear a thiocthas ag amharc ar caidé atá in airde ar an mheter chomh holc, imeoidh seisean ach by godda tá a fhios agat nuair a thiocthas an darna fear.

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: Eh?

DÓNALL: Á sure, sa tsean am a Jimí, ní bhí, ní bhí sibh ag brách ar an mhóin.

JIMÍ BEAG: Ó bhí, bhí achan duine ag brách ar an mhóin. Árú bhí 's bhí teas ann.

DÓNALL: 'S bhí tú ag cócaireacht do chuid, do chuid air.

JIMÍ BEAG: Bhí 's ag bruith phreataí.

DÓNALL: Sea. Cuid an eallaigh 's achan rud.

JIMÍ BEAG: Bhí. Is caidé mar a dhéanadh siad cúis ansin dá gcaithfeadh siad a bheith ag bruith do mhuca 's ag bruith do chearca 's ag bruith do eallach?

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Ní, bhí siad ag bruith achan rud roimhe seo. Eallach i ndiaidh breith san Earrach 's na tithe, bhuel sna háiteacha thart achan áit a raibh daoine ag amharc ina ndiaidh go maith, bhí arbhar acu agus bhruithfeadh siad an t-arbhar fá choinne an eallaigh fosta.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ BEAG: Ag bruith phreataí fá choinne na gcearc agus ansin b'fhéidir bheadh dhá mhuc ag teach, b'fhéidir triúr i gcorr theach. Amharc ar an rud a bhí na boic sin a *useál*.

DÓNALL: Ó bhí.

JIMÍ BEAG: Agus cha bhfiú mórán fear an bhainne do na muca (gáire).

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: Níl, cha rachadh sé i bhfad siar an bealach mór leis an lorraí (gáire)

DÓNALL: Ní rachadh sé.

JIMÍ BEAG: Eh?

DÓNALL: Jimí, tá cuimhne agatsa ar na mná fosta, bheadh siad maith, bheadh siad, bhí túirne creidim sa teach seo fosta 's do mháthair is iad ag déanamh geansaí 's achan rud.

JIMÍ BEAG: Ó bhí, ó bhí túirní iontu uilig.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Bhí cuid acu iontach maith, tá a fhios agat, á bhí túirní uilig iontu. Á leoga, d'oibir siad.

DÓNALL: D'oibir siad cruá.

JIMÍ BEAG: Bhí siad ag déanamh obair an tígh agus bhí siad ag déanamh an obair amuigh agus ansin amharc an rud a bhí siad ag déanamh ansin, bheadh na friosanna acu agus bheadh siad ag obair ansin i rith na hoíche go ham luí. Agus á, níl a fhios agam

caidé an dóigh a raibh an rud ar chorr ar bith. Bhí siad uilig iontach tá a fhios agat, cha raibh siad ag sílsteán a dhath dó.

DÓNALL: A dhath ar bith.

JIMÍ BEAG: Bhí sé go díreach mar rud ann a bhí acu le déanamh agus bhí siad cineál, cha raibh siad ag smaoineamh ar a dhath eile ach sin.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Tá an saol anois different, do you see. Bheadh obair agat bean a chur ina suí ag túirne anois.

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: Suífidh sí ag ró, motorál, (gáire)

DÓNALL: Á, rinne na mna léir éadaí 's an t-éadach uilig.

JIMÍ BEAG: Nach cinnte go dear, ó plaincéid 's achan rud.

DÓNALL: Sea, achan rud.

JIMÍ BEAG: Ní bhí siad ag déanamh an éadaigh uilig.

DÓNALL: Bhí.

JIMÍ BEAG: Ní bhí siad ag déanamh an éadaigh fá choinne an tígh, léir acu 's eh? Stocaí, 's éadach fá choinne a, daoine, éadach a chaitheamh, geansanna 's achan rud.

DÓNALL: 'S plaincéid.

JIMÍ BEAG: Ó plaincéid cinnte agus léir rudaí eile. Ansin bheadh siad ag déanamh cuilteanna fosta agus bhí.

DÓNALL: Agus a dhíol ag an aonach.

JIMÍ BEAG: Ó bhí, bhuel, bhí, bhí cuid mhór acu ag gabháil dá sin fosta. Ach a. Rachadh siad, 'un aonaigh ansin 's bheadh rudaí leo. B'fhéidir s' dhíolfadh siad gráineacha 's bhí an rud de dhíobháil uilig san am. Bhí. Anois níl iomra ar bith ar sin.

DÓNALL: Athrach iomlán an tsaol a chonaic tú a Jimí.

JIMÍ BEAG: Sea bhuel, ní ...

DÓNALL: ... Creidim nuair a tháinig electricity isteach fosta.

JIMÍ BEAG: Ó, sin nuair a tháinig an t-athrach.

DÓNALL: Athrach millteanach.

JIMÍ BEAG: That's. Cha dtáinig athrach ar bith mar is ceart go dtí sin.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Agus chorr a bheith gur chuma liom caidé an dóigh a bhfuil siad ag gabháil. Anois déarfadh muid. Chan fhaca aon duine athrach chomh mór agus a chonaic an dream atá beo anois. Idir airgead, solas, uisce agus léir mór rudaí eile, even na rudaí atá ina shuí ansin atá an tine istigh ann. Ansin an áit a gcaithfidh siad isteach an t-éadach, 's tosóidh sé 's achan duine ar shiúl síos an bealach mór 's an boc ag gabháil leis, an t-éadach nite. (Gáire)

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: Tá sin fíor.

DÓNALL: Tá sé fíor, nuair a smaoiníonn tusa ar an obair a bhí le déanamh ag mná, níochán agus achan rud.

JIMÍ BEAG: Amharc an, amharc an obair a bhí ann.

DÓNALL: Obair tígh a bhí le déanamh.

JIMÍ BEAG: Ó, bhí sé fianta. Potaí mór ansin, dubha, tá a fhios agat, bruith dá ainmhithe agus even amharc thusa an méid preataí a chuirte síos an áit a mbeadh scaifte páistí roimhe seo, b'fhéidir ocht ná naoi, deichniúr i gcuideachta sna tithe sa tsean am fad ó shin. Even roimhe i m'amsa. Bhí preataí le bruith daofa sin. Agus amharc an pota preataí a bhí de dhíobháil thíos ansin, amharc an obair a bhí ansin. Ag gabháil dá sin, ag gabháil dá achan rud, see. Bhí siad, anois bhfuil a fhios agat seo, tiocfadh, rachaidh duine soir na gCroisbhealaigh anois agus ceannóidh sé gráin preataí thoir ar na stalls. Cu..., rachadh sé soir céad uair sula mbeadh lán an phota leis anoir (gáire).

DÓNALL: (Gáire) Bheadh pad déanta aige ag gabháil soir.

JIMÍ BEAG: Tá sin fíor.

DÓNALL: Tá sin fíor.

JIMÍ BEAG: Mmm?

DÓNALL: Jimí.

JIMÍ BEAG: Potaí móra dubha.

DÓNALL: Chaith tú saol go breá sásta, ag an am chéanna, chuaigh tú amú creidim?

JIMÍ BEAG: Á bhuel, cha, cha, tá sé go maith agam an fhírinne a inse. Is é an dóigh a chaith mise mo shaol do agus le é a chur mar is ceart, níl mé ag rá gur mhaith liom é a chaitheamh chorr a bheith dóigh ar bith ach an dóigh a chaith mé é.

DÓNALL: Sea. Bhí tú ag déanamh an cineál oibre a raibh dúil agat ann.

JIMÍ BEAG: Bhain mé sult as an tsaol.

DÓNALL: Bhain tú.

JIMÍ BEAG: Níl maith domh a dhath eile a rá fá dtaobh de.

DÓNALL: Bhain tú.

JIMÍ BEAG: Agus is cuma liom c'áit a rachaidh mé ná cé a chluintheas sin ach oiread.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: An dtuigeann tú? B'fhéidir go dtiocfadh liom a bheith ní bhfearr but bhain mise sult millteanach as mo shaol anseo.

DÓNALL: Tá sin fíor.

JIMÍ BEAG: Bhain. Go dtí an lá a imeoidh mé, bí sin fada nó gairid.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Agus cha dtiocfadh liom chorr a bheith a fhad, a fhad is bheadh an tsláinte agam, cha dtiocfadh liom a rá even i ndiaidh an méid a rinne mé agus creidim cosúil le achan duine bhí ionam, cha raibh só ar bith agam.

DÓNALL: Ó ní raibh.

JIMÍ BEAG: Níl mise ag rá go raibh.

DÓNALL: Ní raibh, ní raibh.

JIMÍ BEAG: Cha raibh só ar bith agamsa.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: Ach bhain mise só millteanach amach as an tsaol.

DÓNALL: Sin é.

JIMÍ BEAG: Bhain agus cha raibh mé ariamh, cha raibh mé agus even níl sé seachtain ó dúirt mé sin le duine inteacht. Cha dtiocfadh liom ariamh a theacht isteach anseo agus a rá go raibh mé tinn domh féin. Cha dtáinig ariamh.

DÓNALL: No. Bhí tú go sona ar an tsaol.

JIMÍ BEAG: Tá sin fíor.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: Sin rud amháin agus, agus rud eile do, cha dtiocfadh liom ariamh, anois thiocfadh liomsa anois, suífidh mise ag cois na tine cibé fhad agus a bheas mé ann, dáлта achan duine, níl a fhios ag aon duine sin, léifidh mé an páipéar agus bíonn sé mall i gceart san oíche agus oícheanna, dó dhéag cuid mhór den am, bainim sult millteanach as sin. Níl television ar bith agam.

DÓNALL: Níl.

JIMÍ BEAG: Chan a rá, thiocfadh liom é a bheith agam ach níor *bhotheral* mé leis.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: D'fhiach mé fad ó shin é ach char obair sé so tá rudaí athruithe ó shin ach ansin go díreach tuairime, cha, char, char bhuar mé mo cheann leis ní ba mhó ansin. Faighim na páipéir go minic....

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ BEAG: 'S léifidh mé iad sin 's tá a fhios agam caidé atá ag gabháil ar aghaidh 's.

DÓNALL: Bhuel sin é.

JIMÍ BEAG: Rachaidh mé amach fríd na daoine 's beidh mo chomhrá amuigh agam 's má thig tusa isteach tá do chomhrá agat liomsa 's tá sin maith go leor. Char éirigh mé ariamh sáraigh domh féin istigh io mo theach féin.

DÓNALL: No, tá tú go sona sásta.

JIMÍ BEAG: Ó. Cha dtiocfadh liom `___+'

DÓNALL: Tá. Bhuel a Jimí.

JIMÍ BEAG: Agus níl, mar a dúirt an fear eile, rud nach raibh agam agus níl sé agam go fóill.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Agus níl mé *denyal*, níl mé ag gabháil a rá, tá mo sháigh dá achan rud agam.

DÓNALL: Mmm. Beidh tusa....

JIMÍ BEAG: Níl ach, tá mé abálta m'anáil a tharraingt, sin an rud uilig.

DÓNALL: Sásann beagán thú agus tá tú sásta le sin a Jimí.

JIMÍ BEAG: Cha raibh mé ag dréim le dhath níos mó ná é.

DÓNALL: (Gáire)

JIMÍ BEAG: Agus b'fhéidir go dtiocfadh liom airgead b'fhéidir a dhéanamh ar dhóigheanna....

DÓNALL: ... Sea...

JIMÍ BEAG: ... ach níl mé ag gabháil a dhéanamh sin.

DÓNALL: Níl.

JIMÍ BEAG: Níl mé ag gabháil a dhéanamh an dóigh sin.

DÓNALL: No.

JIMÍ BEAG: Agus tá mé ag déanamh cúis leis an rud atá mé a fháil. Agus cha déan sé difir domsa cé mhéid motor ag teach ar bith eile ná a dhath ar bith. Char ghlac mise ariamh an dóigh sin é.

DÓNALL: No. Agus tá tú ceart.

JIMÍ BEAG: Char ghlac mise ariamh agus cha ghlacann. Never. Théim síos an bealach mór agus chím rudaí galánta 's soir, níl mé anuas ar duine ar bith a bhfuil sé aige.

DÓNALL: Ó, níl. Níl.

JIMÍ BEAG: Is maith iad atá, a ní é.

DÓNALL: Mmm, hmm.

JIMÍ BEAG: Cha dtiocfadh liomsa, tá mé ag amharc orthu thart achan lá, cha déan sin difir domsa. Tá mé ag gabháil a éirigh nuair a fhóireann sé domh agus rachaidh mé a

luí nuair a fhóireann sé domh agus rachaidh mé amach 's bíodh sin ina Domhanch na Dálach, cha déan sé difir. Rachaidh mise fríd na daoine 's...

DÓNALL: ... Rachaidh.

JIMÍ BEAG: Dhéanfaidh mé mo féin a *phassal* leis na daoine 's that's it 's bíonn mo chomhrá féin agam 's sin a dtig liom a dhéanamh den tsaol.

DÓNALL: Bhuel maith, maith

JIMÍ BEAG: ... Tá súil agam duine ar bith a dtig leis sin a dhéanamh, sin a bhfuil. Chóir a bheith gur sin an saol.

DÓNALL: Sin an saol.

JIMÍ BEAG: Go amach agus, agus cuir tú féin fríd na daoine agus bain sult as na daoine agus bain sult asat féin agus bí buíoch beannach go bhfuil tú ag gabháil go maith.

DÓNALL: Tá sin fíor a Jimí.

JIMÍ BEAG: Sin an saol.

DÓNALL: Sin an saol. Go, go raibh míle maith agat, a Jimí ar shon do chuid ama.

JIMÍ BEAG: Bhuel, go raibh maith agat.

DÓNALL: Tá uair go leith déanta againn ansin.

JIMÍ BEAG: Go raibh maith agat a chroí as son do chuid ama agus tá súil agam go n-éireoidh leat go maith.

DÓNALL: Go raibh maith agat a Jimí.

JIMÍ BEAG: Iontach maith.

